2013

Tuarascáil Bhliantúil: an Roinn Oideachais agus Scileanna

MISEAN

Is é ar misean a chur ar chumas foghlaimeoirí a lánchumas a bhaint amach agus cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

Arna Fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1
© An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014

Clár Ábhar

Réamhrá an Aire 1

Ráiteas an Ard-Rúnaí 3

Súil Siar ar an mBliain 4

1.1 Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus Athleasú Curaclaim 4
1.2 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna 4
1.3 Rialáil Ghairm na Múinteoireachta 4
1.4 Dul i nGleic le Bulaíocht i Scoileanna 4
1.5 Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil na Bunscolaíochta 4
1.6 Beartais Iontrála Scoile 5
1.7 Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh Scoile 5
1.8 Bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus SOLAS 5
1.9 Athleasú Earnáil an Ardoideachais 5
1.9.1 Tionscnamh na dTáillí in Aisce a Uasdátú 5
1.9.2 Clár Leasithe Deontais Mic Léinn 6
1.10 Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i gCúrsaí Oideachais agus Oiliúna 6
1.11 Sásamh i leith Institiúidí Cónaithe 6

Eolas agus Sonraí Ginearálta Corparáideacha i 2013 7

2.1 Ár Misean 7
2.2 Ár gCuspóiri Ardleibhéil 7
2.3 Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach 7
2.4 Seirbhísí Eolais 7
2.5 Cigireachtaí Scoile 8
2.6 Tábla Prapíocaíochtaí i 2013 9

Dul chun Cinn ar ár gCuspóirí Ardleibhéil i 2013 10

Cuspóir 1 –Córas ardcháilíochta cuimsitheach scoileanna agus oideachas luathbhlianta a sholáthar maille le torthaí feabhsaithe foghlama 10

3.1 Tacú le Córas Ardcháilíochta Oideachas Luathbhlianta 10
3.2 Curaclam and Measúnacht i Scoileanna 11
3.2.1 Athleasú na Sraithe Sóisearaí 11
3.2.2 Ár Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta a Fheabhsú 11
3.2.3 Tionscadal Mata 11
3.2.4 Meastóireacht Thionscadal Mata 12
3.2.5 Curaclam Comhtháite Teanga 12
3.2.6 Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoileanna 12
3.2.7 Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge agus trí Mheán na Gaeilge i Scoileanna 12
3.2.8 Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) 13
3.2.9 Treochtaí i Staidéir idirnáisiúnta na Matamaitice agus na hEolaíochta (TIMMS) agus an Staidéar Idirnáisiúnta Litearthachta ar Dhul chun Cinn na Léitheoireachta (PIRLS) 13
3.2.10 Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe 14
3.3 Oideachas i gComhair na Forbartha Inbhuanaithe 14
3.4 Forbairt Beartais chun Tacú le Scoileanna 15
3.4.1 Plean Gnímh ar an mBulaíocht agus Forbairt Gnásanna Frithbhulaíochta 15
3.4.2 Pátrúnacht Bunscoileanna 15
3.4.3 Iarratais ar Phátrúnacht Iarbhunscoileanna Nua 15
3.4.4 Próisis Iontrála Scoile 16
3.5 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) i Scoileanna 16
3.5.1 Clár TFC i Scoileanna 16
3.5.2 Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 16
3.5.3 Punainn Leictreonacha 16
3.5.4 Saotharlann na Scoileanna Beo 17
3.5.5 Leathanbhanda i Scoileanna 17
3.5.5.1 Leathanbhanda 100Mbps d'Iarbhunscoileanna 17
3.5.5.2 Clár Leathanbhanda Scoileanna 17
3.5.5.3 Scoilnet 17
3.6 Cuimsitheacht a Chur chun Cinn i Scoileanna 17

3.6.1 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) 17
3.6.2 Meastóireacht Leanúnach DEIS 17
3.6.3 Clár Tacaíochta Scoile 18
3.6.4 Rátaí Coinneála Daltaí i Scoileanna Dara Leibhéal a Fheabhsú 18
3.6.5 Comhoibriú le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa óig 18
3.7 Riar ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 19
3.7.1 Tacaíochtaí dírithe a thugtar do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta 19
3.7.2 Scéim Teagasc Baile 19
3.7.3 Clár Oideachais Mhí Iúil 19
3.7.4 Forbairt Beartais chun Tacú le hOideachas Speisialta 20
3.7.5 Leithdháiltí Múinteoirí Acmhainne 20
3.7.6 Líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú 20
3.7.7 Tionscadal Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin 20
3.8 Scéim Iompair Scoile 20
3.9 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna 21
3.9.1 Clár Bliantúil Cigireachta i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais 21
3.9.2 Forbairt Samhlacha Nua agus Feabhsaithe Cigireachta 21
3.9.3 Mar a Chuireann an Chigireacht le Forbairt Beartais agus Curaclaim 22
3.10 Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 22
3.10.1 Cláir san Oideachas Tosaigh Múinteoirí 22
3.10.2 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT) 22
3.10.3 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) 23
3.10.4 Líonra na nIonad Oideachais 23
3.10.5 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Matamaitic 23
3.10.6 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach le Riachtanais Speisialta Oideachais a Chomhlíonadh 23
3.10.7 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí 24
3.10.8 Staitisticí foriomlána ar aonaid FGL a soláthraíodh* 24
3.11 Téarmaí Fostaíochta do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) 24
3.11.1 Achtachán Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001-2013 24
3.11.2 Párolla múinteoirí 25
3.11.3 Athbhreithniú ar Liúntais agus ar Íocaíochtaí Préimhe 25
3.11.4 Athruithe Beartais ar Shocruithe Áirithe Saoire do Mhúinteoirí agus CRSanna 25
3.12 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) 25

Cuspóir 2 – Deiseanna a sholáthar don uasoiliúint agus don athoiliúint a chomhlíonann riachtanais dhaoine aonaracha agus mhargadh an tsaothair 27
4.1 Breisoideachas agus Oiliúint 27
4.2 Mór-athleasú Earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna 2013 27
4.2.1 Bord Cláir BOO/SOLAS 27
4.2.2 Bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna 27
4.2.3 An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna - SOLAS 27
4.2.4 Straitéis agus Plean Seirbhíse don Bhreisoideachas agus Oiliúint 28
4.2.5 Athbhreithniú ar an gCóras Printíseachta in Éirinn 28
4.3 Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta Daoine Fásta 28
4.4 Plean Gnímh um Phoist agus Conairí chun Oibre 29
4.4.1 Scileanna Plus 29
4.4.2 Springboard 29
4.4.3 Clár Tiontaithe Iarchéime Scileanna TFC 29
4.4.4 MOMENTUM 29
4.4.5 Conairí chun Oibre 30
4.5 Fóram Teagmhála le Fiontraíocht 30
4.6 Plean Feidhmithe Ráthaíochta don Óige 30
4.7 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) 30
4.8 Ciste Sóisialta na hEorpa 31
4.9 Polasaí Comhtháite an AE 31

Cuspóir 3 – Deiseanna foghlama, taighde agus nuálaíochta ardcháilíochta a sholáthar in earnáil an ardoideachais 32
5.1 An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030 32
5.2 Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2014-2016 32
5.3 Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn 32

5.4 Grúpa Stiúrtha um Athleasú Trasdulta 32
5.5 Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas 33
5.5.1 Rátaí Méadaithe Rannpháirtíochta i measc Grúpaí atá faoi Ghannionadaíocht 33
5.6 Deontais Mic Léinn 33
5.6.1 Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éire (SUSI) 34
5.6.2 An Bord um Achomhairc Deontais Mic Léinn 34
5.7 Scoláireachtaí na hInstitiúide Ollscoile Eorpaí 34
5.8 Caiteachas ar Thionsnaimh maidir le Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas i 2013 34
5.9 Polasaí Maoinithe agus Taighde san Ard-Oideachais 35
5.10 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann 35
5.11 Athbhreithniú ar Straitéis na hÉireann don Oideachas Idirnáisiúnta 35
5.12 Comhoibriú Thuaidh Theas 36
5.13 Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013 36
5.14 Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar Lárionad Barr Feabhais san Oideachas agus Oiliúint 37
5.15 Uachtaránacht na hÉireann ar an AE san Oideachas agus Oiliúint 38

Cuspóir 4 - Infreastruchtúr cuí a phleanáil agus a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama 39
6.1 Riachtanais Chóiríochta Scoileanna a Chomhlíonadh 39
6.2 Modheolaíochtaí Ilchineálacha do Thógáil Mórthionscadal 39
6.3 Tionscadail Chaipitil Tríú Leibhéal 39
6.4 Córais Bhainistíochta ar Iniúchadh, ar Bhreithmheas agus ar Shócmhainní 40
6.5 Cur le Cumarsáid agus Comhordú le Páirtithe Leasmhara Seachtracha chun Próisis Tógála agus Pleanála a Fheabhsú 40
6.5.1 Córas Iarratais Ar Líne Scéim na nOibreacha Samhraidh 40
6.5.2 Forbairt Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla 40
6.5.3 Foilsiú Eolas Tionscadail ar Shuíomh Gréasáin na Roinne 40
6.6 Éifeachtúlacht Fuinnimh i Scoileanna 40

4 Ár nÉifeachtúlacht agus Ár nÉifeachtacht a Fheabhsú 41
7.1 Bunú Struchtúir Nua chun Tacú leis an gClár Athleasúcháin 41
7.2 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide againn a Fheabhsú 41
7.2.1 Uasghrádú TFC Inmheánach na Roinne 41
7.2.2 Forbairt Sonraí Ar Líne Iarbhunscolaíochta (P-POD) 41
7.2.3 Forbairt Sonraí Ar Líne Bunscolaíochta (POD) 41
7.2.4 Córais Párolla agus Éilimh Ar Líne a Nuashonrú chun Tacú le Bearta Nua 42
7.2.5 Feabhsúcháin ar an gCóras Bainistíocht Airgeadais 42
7.2.6 Forbairtí Eile TFC 42
7.3 Caiteachas na Roinne i 2013 42
7.4 Ár gCórais agus Próisis a Mhonatóiriú 42
7.5 Tacaíocht don Phróiseas Páirtíochta agus Dea-Chleachtas Caidreamh Tionsclaíoch 43
7.6 Acmhainní Daonna 43
7.6.1 Oiliúint agus Forbairt Foirne 43
7.7 Pleanáil Ghnó 44
7.8 Feabhsúchán Próiseas Gnó 44
7.9 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh na Roinne i 2013 44
7.9.1 Bearta a Rinneadh i 2013 lenár nÉifeachtúlacht Fuinnimh a Mhéadú 44
7.9.2 Iniúchtaí Córas Bainistíocht Tógála 44
7.9.3 Feasacht Fuinnimh a Mhéadú 44
7.9.4 Bearta Eile Sábhála Fuinnimh atá ar na Bacáin i 2014 45
Iarscríbhinn A – Cairt Eagraíochta 46
Iarscríbhinn B - Forais faoi Choimirce na Roinne 47
Iarscríbhinn C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie 48

Réamhrá an Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2013 ina dtugtar léargas ar an obair éagsúil a rinne an Roinn i gcaitheamh na bliana agus ina ndírítear aird ar a ról tábhachtach ilghnéitheach i sochaí na hÉireann. Tá áthas orm aitheantas a thabhairt dá bhfuil bainte amach ag an Roinn i 2013 agus go háirithe don dul chun cinn leanúnach atá déanta aici féin agus a gníomhaireachtaí chun an clár cuimsitheach athleasaithe ar fud earnáil an oideachais a chur i bhfeidhm.

Is é bunú SOLAS, chomh maith le hathstruchtúrú agus cuíchóiriú chóras na gcoistí gairmoideachais trí bhunú na mBord Oideachais agus Oiliúna, an t-athrú is suntasaí in earnáil na hoiliúna ó bunaíodh FÁS breis agus 25 bliain ó shin. Tá an Stát ag infheistiú acmhainní nach beag in earnáil an bhreisoideachais agus oiliúna mar aitheantas ar an ngá atá le hearnáil bheoga, éifeachtach, fheidhmeach oiliúna agus bhreisoideachais a chothú, earnáil atá comhtháthaithe go maith i gcóras foriomlán an oideachais agus na hoiliúna.

Ar aon dul leis an bPlean Gnímh i gComhair Jabanna agus Conairí i dTreo Oibre de chuid an Rialtais, lean an Roinn léi i 2013 d'oideachas agus oiliúint ardcháilíochta a fhorbairt le tacú le daoine dífhostaithe filleadh ar an bhfostaíocht trí sholáthar deiseanna athoiliúna a oireann dá riachtanais.

Ag leibhéal na scoileanna, tugadh feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta go 2020 chun cinn trí mhéadú na tástála caighdeánaithe i scoileanna, méadú an ama a chaitear ar litearthacht agus uimhearthacht sa seomra ranga agus forbairt aonaid litearthachta agus uimhearthachta ar chúrsaí oiliúint tosaigh agus leanúnach múinteoirí. Leanadh d'fheidhmiú céimneach Thionscadal Mata i scoileanna dara leibhéal agus táthar ag dúil lena fheidhmiú i gcomhair Ardteistiméireacht 2014. Áiríodh ar an obair ar Athleasú na Sraithe Sóisearaí forbairt chlár nua Ghradaim Dhaltaí na Sraithe Sóisearaí, le cois soláthar seirbhísí tacaíochta agus oiliúna do mhúinteoirí agus do phríomhoidí ar na hathleasuithe a bheidh ar fáil le linn an aistrithe go dtí an clár nua.

I Meán Fómhair 2013, d'fhoilsigh mé Dréacht-Scéim Ghinearálta (Iontráil ar Scoileanna) Bille Oideachais, 2013 chomh maith le dréacht-rialúcháin chun go bpléifear iad roimh reachtaíocht a achtú. Beidh na rialúcháin mholta seo mar bhonn agus taca do phróiseas rollacháin cothrom trédhearcach a bheidh intuigthe ag gach tuismitheoir. Coiscfear, i measc nithe eile, áiteanna ar scoileanna a leithdháileadh ar bhonn liostaí feithimh agus scoileanna éarlaisí nó íocaíochtaí a iarraidh mar chuid den phróiseas iontrála. Is é is aidhm dó seo a chinntiú go bhfuil an bealach ina ndéanann scoileanna cinneadh ar iontrálacha struchtúrtha, cothrom agus trédhearcach agus is mian linn freisin an t-ualach a ghabhann le hachomharc cinneadh scoileanna a bhaint de thuismitheoirí.

Ag an tríú leibhéal, tá atheagrú mór ar an earnáil ardoideachais ar siúl agus tá soláthar i gcomhair cruthú ollscoileanna teicneolaíochta i gceist. Cuireadh críoch leis an bpróiseas chun creat nua feidhmíochta a fhorbairt ina leagtar amach tosaíochtaí agus cuspóirí an Rialtais i leith an chórais ardoideachais agus chuir Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éire (SUSI) feabhas mór ar chóras agus ar ghnásanna leis na próisis iarratais deontais agus íocaíochtaí a athchóiriú chun éifeachta.

I measc na gcroíghnéithe ar éirigh leo i 2013 bhí Uachtaránacht an AE. Áirítear ar ar baineadh amach le linn na hUachtaránachta comhaontú idir Airí Oideachais ar dhá thacar de Chonclúidí Comhairle a neartóidh ról an oideachais agus na hoiliúna san AE go 2020 agus comhaontú, ag an gcéad léamh, idir Comhairle na hEorpa, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ar *Erasmus+: clár nua an AE i gcomhair Oideachais, Oiliúna, Óige agus Spóirt 2014-2020.*

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne, leis an bhfoireann inár gcuid gníomhaireachtaí agus leo siúd atá ag obair ag gach leibhéal ar fud earnáil an oideachais as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas do dhul chun cinn a dhéanamh inár sainchúram dúshlánach, uaillmhianach oideachais i 2013.

Ruairí Quinn
An tAire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas an Ard-Rúnaí

Ba bhliain rathúil, ach dhúshlánach, don Roinn í 2013. Leanadh den dul chun cinn ar fheidhmiú straitéisí agus tionscnaimh nua agus leanadh de sholáthar seirbhísí ardcháilíochta d'ainneoin acmhainní a bheith laghdaithe. Ba ghá athrú suntasach ar ár gcuid córas agus próiseas mar gheall ar fheidhmiú chlár oibre an athleasúcháin chomh maith le comhlíonadh cheanglais na gcomhaontuithe seirbhíse poiblí agus an tAcht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI).

D'ainneoin na ndúshlán seo, rinneadh dul chun cinn agus athleasuithe suntasacha le bliain anuas lena n-áirítear mór-athleasú ar an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna, dul chun cinn leanúnach i bhfeidhmiú athleasú curaclaim agus an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, forbairt samhlacha nua feabhsaithe cigireachtaí scoile, feidhmiú na Straitéise Ardoideachais agus athleasú thírdhreach an ardoideachais agus dréachtú agus achtachán reachtaíocht shuntasach lena n-áirítear An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001.

Bhí fócas ar leith ag an Roinn i 2013, agus le roinnt blianta anuas, ar iniúchadh agus feabhsú ár gcóras agus ár gcuid próiseas gnó ionas gur féidir linn plé le dúshláin nua. Feabhsaíodh ár gcuid acmhainní agus feidhmchlár TFC le linn na bliana agus tháinig tuilleadh éifeachtúlachta, bailiú feabhsaithe sonraí, feidhmiú reachtaíochta faoi mar ba ghá agus comhlíonadh gealltanais seirbhíse poiblí dá bharr. Rinneadh athruithe ar phárollaí fostaithe scoile agus ar an gCóras Éilimh Ar Líne (OLCS) le forálacha Chomhaontú Bhóthar Haddington agus FEMPI a fheidhmiú agus le feidhmiú Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta a éascú, le héifeacht ó 28 Eanáir 2014.

D'éirigh linn an Bunachar Sonraí Iarbhunscolaíochta Ar Líne (PPOD) a sholáthar ar bhonn céimneach i ngach iarbhunscoil ar esinet agus cuireadh tús le hobair ar fhorbairt bunachar sonraí foghlaimeoirí bunscoile ar a dtugtar Sonraí Bunscolaíochta Ar Líne (POD). Feabhsuithe ar phróisis ghnó na Roinne an toradh a bheidh ar fhorbairt na mbunachar sonraí seo as siocair tuilleadh sonraí a bheidh cothrom le dáta a bheith ar fáil agus go gcuirfear ar fáil sonraí luachmhara i gcomhair ceapadh beartais. Áirítear le forbairtí TFC eile cur i bhfeidhm buiséadú feidhmíochta ar ár gCóras Bainistíocht Airgeadais agus forbairt iarratas ar líne le freastal ar scoileanna atá ag cur isteach ar dheontais faoin Scéim Oibreacha Samhraidh i mí na Samhna ar esinet.

Ba bhuaicphointe de chuid na bliana seo gur éirigh go geal le hUachtaránacht an AE. Léiríodh trí rath na hUachtaránachta gur féidir linn spriocanna a bhaint amach d'ainneoin na srianta uile atá orainn. Maidir leis an Roinn seo amháin, d'eagraigh sí 10 mór-chomhdháil nó imeachtaí AE le linn Uachtaránacht na hÉireann. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh gan an rannpháirtíocht agus an tacaíocht an-ghníomhach ón iomad ball foirne i ngach cuid den Roinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne de chuid na Roinne as a gcuid oibre crua le linn 2013. Níorbh fhéidir an dul chun cinn a rinneadh i mbliana a dhéanamh gan an leibhéal ard comhoibrithe, tiomantais agus solúbthachta a léirigh an fhoireann agus iad ag teacht chun réitigh le cleachtais nua oibre agus le hathruithe ba ghá le riar ar éilimh éagsúla.

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí

Súil Siar ar an mBliain

Tugtar forbhreathnú i súil siar ar an mbliain ar chuid den obair shuntasach ar thug an Roinn fúithi i 2013. Is féidir teacht ar eolas níos mionsonraithe ar na tionscnaimh a bhfuil tagairt dóibh sa rannán seo síos tríd an Tuarascáil.

1.1 Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus Athleasú Curaclaim

Ba thosaíocht de chuid na Roinne i 2013 fós é feidhmiú leanúnach *an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*. Tugadh tacaíocht don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ina cuid oibre leanúnaí ar fhorbairt churaclaim a dhírigh ar bhuntosaíochtaí fheidhmiú na Straitéise, Tionscadal Mata agus Athleasú na Sraithe Sóisearaí. Ós rud é go dtugann an Straitéis i gceann a chéile obair go leor réimsí éagsúla laistigh den Roinn, is féidir teacht ar eolas ar fhorbairtí litearthachta agus uimhearthachta le linn 2013 faoin iomad ceannteideal.

1.2 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

Le foilsiú *Tuarascáil an Phríomh-Chigire 2010-2012* cinntíodh don chéad uair go raibh sonraí staitistice ar fáil don phobal faoi gcáilíocht agus caighdeáin i scoileanna agus in ionaid oideachais. Bhí fócas ar leith sa tuarascáil ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannasaíochta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus ar chaighdeáin teagaisc agus foghlama, go háirithe teagasc agus foghlaim an Bhéarla, na Gaeilge agus na Matamaitice.

Le linn na bliana, d'fhorbair an Roinn ar bhonn píolótach úsáid ceistneoirí múinteoirí i meastóireachtaí scoile uile a chomhlánaíonn úsáid ceistneoirí tuismitheoirí agus daltaí.

Foilsíodh freisin téarmaí tagartha mór-athbhreithniú ar oideachas sa Ghaeltacht.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi obair na Cigireachta ag paragraf 3.9.

1.3 Rialáil Ghairm na Múinteoireachta

Le linn 2013, lean an Roinn den idirchaidreamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar réimse leathan de shaincheisteanna lena n-áirítear riachtanais iontrála i leith oideachas tosaigh múinteoirí, soláthar múinteoirí, leasuithe reachtúla agus ullmhúcháin i gcomhair fheidhmiú Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta agus oiriúnacht na Comhairle chun feidhmeanna a theagasc. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais níos mine ag paragraif 3.11 go 3.11.4.

1.4 Dul i nGleic le Bulaíocht i Scoileanna

Seoladh Plean nua Gnímh ar an mBulaíocht ina leagtar amach dhá bheart déag le dul i ngleic leis an mbulaíocht agus í a chosc i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.

Forbraíodh freisin gnásanna nua frithbhulaíochta, a thugann treo agus treoir do scoileanna le dul i ngleic leis an mbulaíocht scoilbhunaithe agus í a chosc agus cuireadh ar fáil ar fud na tíre Clár Oiliúna Frithbhulaíochta do thuismitheoirí, arna chomheagrú ag an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí: Bunleibhéal agus ag an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí: Iarbhunleibhéal.

1.5 Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil na Bunscolaíochta

Lean an obair ar aghaidh ar an bPlean Gnímh mar fhreagairt do Thuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh don Fhóram ar Phátrúnacht. Rinneadh próiseas comhairliúcháin phoiblí go mall i 2013 le deis a thabhairt do thuismitheoirí, go háirithe, a dtuairimí a chur i láthair faoi shlite inar féidir le bunscoileanna bheith níos uileghabhálaí. Tá na haigneachtaí a fuarthas, le cois thorthaí agus mholtaí Thuarascáil an Fhóraim, á meas agus tá beartaithe Páipéar Bán a fhorbairt ina leagtar amach polasaí Rialtais sa réimse seo. Mar fhreagairt do mholtaí i gcomhair próiseas dífheistiú pátrúnachta, rinneadh suirbhéanna tuismitheoirí i 38 ceantar le linn 2013.

1.6 Beartais Iontrála Scoile

I Meán Fómhair, foilsíodh Dréacht-Scéim Ghinearálta (Iontráil ar Scoileanna) Bille Oideachais, 2013 agus na Dréacht-Rialúcháin ar Inneachar Beartais agus Dréacht-Rialúcháin ar Phróiseas Iontrála le go bpléitear iad roimh reachtaíocht a achtú.

Is é an aidhm atá leis na moltaí reachtaíochta seo a thabhairt chun cinn an próiseas iontrála a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil an dóigh a ndéanann scoileanna cinneadh faoi iarratais struchtúrtha, cothrom agus trédhearcach ionas go gcaitear go cothrom le gach páiste.

1.7 Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh Scoile

Tá an Roinn ag leanúint de bheith ar thosach an tslua maidir le dearadh i leith éifeachtúlacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Tá ár gcuid Doiciméad Treorach Teicniúil (TGD) ag leanúint de shlat tomhais a leagan síos le haghaidh dearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile agus tá fócas soiléir ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuil tacaíocht aici ó chlár daingean taighde agus daichead tionscadal taighde ag céimeanna éagsúla lena n-áirítear an suíomh gréasáin fuinnimh www.energyineduction.ie agus tionscadal *Passive Schools*. Is féidir le gach scoil a thógtar de réir na TGDanna Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3 a bhaint amach.

Bhí an Roinn páirteach i mbabhtaí ceannais ghradaim Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann 2013, Catagóir Oidhreachta, ina léirítear agus a n-aithnítear oidhreacht daoine aonair agus eagraíochtaí ba chúis le cleachtais bainistíocht fuinnimh a athrú le 10 mbliana anuas.

1.8 Bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus SOLAS

Rinneadh mór-athleasú ar an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna i 2013 le bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS. Achtaíodh An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ar 8ú Bealtaine agus cuireadh tús lena fhorálacha uile faoi 1ú Iúil 2013. Déanann an tAcht foráil i leith bhunú na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna nua (ETB) le teacht in ionad na 33 Coiste Gairmoideachais (VEC). Tagann an reachtaíocht nua, trí mhír amháin reachtaíocht phríomha a athleasaíonn agus a nuachóiríonn na forálacha rialachais agus a chuireann feidhmeanna na mbord in iúl le gur fearr a léirítear forás fíor ról na gCoistí Gairmoideachais le caitheamh ama, in ionad na 9 nAcht um Ghairmoideachais a tháinig roimpi. I ndiaidh achtú an Achta um Breisoideachais agus Oiliúna 2013, bunaíodh SOLAS i nDeireadh Fómhair 2013 le comhord straitéiseach agus maoiniú a chur ar fáil don earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. Tá tuilleadh eolais ar an gceist seo i bparagraf 4.2.

1.9 Athleasú Earnáil an Ardoideachais

I mí na Bealtaine, d'fhógair an Roinn mór-atheagrú ar an gcóras ardoideachais trína gcomhdhlúthaítear earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta agus na gcoláistí oideachais, agus ina bpléitear leis an bhféidearthacht a bhaineann le hinstitiúidí cumasctha bheith ina n-ollscoileanna teicneolaíochta agus cruthú cnuasaigh réigiúnacha.

I mí Iúil, foilsíodh creat nua feidhmíochta don chóras ardoideachais. Leagtar amach i gCreat Feidhmíocht Chórais 2014-16 tosaíochtaí náisiúnta an Rialtais, croíchuspóirí córais agus croítháscairí feidhmíochta do thréimhse 2014-16. Tá próiseas nua idirphlé straitéiseach chun comhshocruithe feidhmíochta atá ailínithe le maoiniú feidhmíochta a chomhaontú leis na hinstitiúidí ardoideachais uile á fheidhmiú ar bhonn céimneach anois ag an Údarás Ardoideachais mar chuid den chreat fhoriomlán.

1.9.1 Tionscnamh na dTáillí in Aisce a Uasdátú

Rinneadh Tionscnamh an dTáillí in Aisce a uasdátú i gcaitheamh na bliana sa dóigh go dtig le mic léinn neamh-LEE a mbronntar saoránacht LEE orthu le linn a gcuid staidéir bheith i dteideal táillí in aisce don chuid eile dá dtréimhse staidéir a fhad is go gcomhlíonann siad critéir na scéime. Bhí sé seo go mór le leas mac léinn inimirce atá ina gcónaí in Éirinn le blianta fada ach nach raibh in ann táilllí in aisce a fháil fiú i ndiaidh a n-éadóirsithe sa Stát.

1.9.2 Clár Leasithe Deontais Mic Léinn

Chuir Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éire(SUSI), an t-údarás bronnta i leith iarratais mac léinn ar dheontais, roinnt tionscnaimh nua i bhfeidhm faoi mar a moladh in athbhreithniú neamhspleách de chuid Accenture. Áirítear leis na tionscnaimh seo comhroinnt dhíreach eolais agus sonraí idir SUSI agus forais agus gníomhaireachtaí Rialtais, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Phríomh-Oifig Chlárúcháin agus an Lár-Oifig Iontrála. Mar gheall ar na naisc seo, laghdaíodh go mór an líon doiciméad a bhíonn de dhíth ó mhic léinn lena n-iarratais ar dheontais a phróiseáil.

D'oibrigh SUSI lena chinntiú gur sholáthair sé seirbhís agus eispéireas níos fearr do mhic léinn. Rinneadh tuilleadh forbartha ar a phróiseas measúnacht iarratais agus tugadh isteach rianaire iarratais féinseirbhíse ar líne. Cuireann sé seo ar chumas gach mac léinn stádas a n-iarratais a shainaithint go pearsanta.

1.10 Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i gCúrsaí Oideachais agus Oiliúna

Is ag Éirinn a bhí Uachtaránacht Chomhairle Airí an AE i 2013 don seachtú uair ó aontachas don AE. Is ar cháilíocht agus ar chothromas a bhí fócas phríomhthéama foriomlán ghné an oideachais agus na hoiliúna d' Uachtaránacht na hÉireann.

Le linn na hUachtaránachta, bhí an tAire ina chathaoirleach ar dhá chruinniú de Chomhairle Airí an AE agus bhí oifigigh de chuid na Roinne ina gcathaoirligh ar dheich gcruinniú de Choiste Oideachais an AE. Ar mhórghníomhartha na hUachtaránachta bhí an comhaontú a rinne an Roinn idir Comhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ar Erasmus+: clár nua an AE i gcomhair Oideachais, Oiliúna, Óige agus Spóirt i 2014-2020. Ar na gnéithe eile ar éirigh leo bhí comhaontú ag Airí Oideachais an AE ar dhá thacar Conclúidí Comhairle a neartaíonn agus a fheabhsaíonn comhoibriú AE i réimse an oideachais agus na hoiliúna agus a chuireann le gné shóisialta an ardoideachais.

Bhí an Roinn ina cathaoirleach rathúil freisin ar idirbheartaíocht thar ceann Chomhairle na hEorpa le Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ar dhá chomhad reachtaíochta a bhaineann le maoiniú agus téarmaí tagartha Institiúid Nuála agus Teicneolaíochta na hEorpa sa todhchaí. Baineadh comhaontú polaitiúil amach maidir leis an gceist seo i mí an Mheithimh.

1.11 Sásamh i leith Institiúidí Cónaithe

Bunaíodh Ciste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe (RISF) i Márta 2013 le maoirseacht a dhéanamh ar úsáid ranníocaíochtaí airgid thirim dar suim suas go dtí €110 milliún a gheall na cuallachtaí reiligiúnacha le tacú le riachtanais thart ar 15,000 duine a tháinig slán ó mhí-úsáid páistí in institiúidí cónaitheacha trí sholáthar réimse de sheirbhísí faofa lena n-áirítear seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta, seirbhísí oideachas agus tithíochta. I gcaitheamh na bliana, dhírigh an Ciste ar a sheirbhísí faofa a shocrú agus ar na critéir a úsáidfidh sé le cinntí a dhéanamh faoi iarratais chomh maith leis na ceisteanna praiticiúla a bheidh le tabhairt fúthu nuair a bheidh sé ag feidhmiú. Faoi dheireadh 2013, bhí thart ar €75m i dtaisce i gcuntas speisialta infheistíochta de chuid an Chiste, ranníocaíochtaí €73.4m agus íocaíochtaí bainteacha úis san áireamh. Rinneadh an Bord Airgeadais Oideachais a lánscor i Marta 2013 agus ghlac RISF a chuid feidhmeanna deiridh.

Eolas agus Sonraí Ginearálta Corparáideacha i 2013

Tá sonraí ginearálta corparáideacha sa chuid seo den Tuarascáil. Is féidir teacht ar shonraí a bhaineann le tionscnaimh shainiúla ó pharagraif 3 go 7.9 den Tuarascáil. Is féidir teacht ar bhunstaitisticí oideachais ar leathanach staitisticí shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas:

www.education.ie/en/Publications/Statistics/

2.1 Ár Misean

Is é ar misean a chur ar chumas foghlaimeoirí a lánchumas a bhaint amach agus cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

2.2 Ár gCuspóiri Ardleibhéil

Tá d'aidhm againn a chinntiú go gcuireann an Roinn agus mórearnáil an oideachais agus na hoiliúna seirbhís ardcháilíochta ar fáil a sholáthraíonn luach ar airgead an cháiníocóra. Is é ár gcuspóir foriomlán cáilíocht an teagaisc agus na foghlama ag gach leibhéal d'earnáil an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú agus torthaí foghlama a fheabhsú thar am. Chun tacú leis seo tá na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas aitheanta againn:

1. Córas ardcháilíochta cuimsitheach scoileanna agus oideachas luathbhlianta a sholáthar maille le torthaí feabhsaithe foghlama
2. Deiseanna breisoiliúna agus athoiliúna a chur ar fáil a riarann ar riachtanais daoine aonair agus an mhargaidh shaothair
3. Deiseanna foghlama, taighde agus nuála ardcháilíochta a chur ar fáil san earnáil ardoideachais
4. Infreastruchtúr a oireann do thimpeallachtaí foghlama a phleanáil agus a sholáthar

2.3 Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach i 2013
• Tugadh freagra ar 3764 Ceist Pharlaiminte.
• Fuair Oifigí an Aire agus na nAirí Stáit tuairim ar 7,250 uiríoll nua i 2013 chomh maith le comhfhreagras atá idir lámha a bhaineann le comhaid cásanna reatha.
• Tugadh freagra sa Dáil ar 33 Ceist Topaice agus tugadh freagra ar 31 rún Díospóireacht Atrátha sa Seanad.

2.4 Seirbhísí Eolais

Seirbhísí Eolais i 2013
• Fuarthas breis agus 7,200 fiosrú poist trí info@education.gov.ie
• Tugadh breis agus 1.5m cuairt ar ár suíomh gréasáin www.education.ie. I gcaitheamh na bliana, rinneamar tuilleadh forbartha ar ár suíomh gréasáin le go gcuimseofaí acmhainní éisteachta/físe do scoileanna agus d'oideachasóirí.
• Fuarthas breis agus 328 iarratas faoi na hAchtanna um Saoráil Faisnéise (FOI) 1997 agus 2003. Rinneadh breis agus 300 cinneadh ar iarratais FOI.
• D'fhoilsigh an Phreas-Oifig 202 preaseisiúint agus 30 óráid. Tionóladh 12 phreasagallamh.
• Lean an Roinn d'úsáid meáin shóisialta mar ardán le cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha agus mhéadaigh líon leantóirí na Roinne ar Twitter ó 1,000 in Eanáir 2013 go breis agus 4,000 faoi dheireadh 2013.

2.5 Cigireachtaí Scoile

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar chigireachtaí scoile agus ar obair na cigireachta ag paragraf 3.9.

Tábla 1: Achoimre ar gach cigireacht agus meastóireacht, 2013

Cigireacht/gníomhaíocht mheastóireachta	2013
Cigireachtaí i mbunscoileanna	3,107
Cigireachtaí in iarbhunscoileanna agus in ionaid oideachais	898
Cigireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	80
Iomlán cigireachtaí i scoileanna agus in ionaid oideachais	**4,085**
Iomlán cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile	**3,201**

Tábla 2: Cigireachtaí agus meastóireachtaí i mbunscoileanna, 2013

Cigireacht/gníomhaíocht mheastóireachta	2013
Meastóireacht Scoile Uile (MSU): Bunscolaíocht	223
Cigireachtaí Teagmhasacha	429
Cigireachtaí Leantacha	126
Iomlán cuairteanna cigireachta scoile	**778**
Cigireachtaí ar mhúinteoirí bunscoile nuacháilithe	**2,329**
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta ar scoileanna	**2,694**

Tábla 3: Cigireachtaí in iarbhunscoileanna agus in ionaid oideachais, 2013

Cigireacht/gníomhaíocht mheastóireachta	2013
MSU: Iarbhunscolaíocht	-
MSU: Bainistíocht Cheannasaíochta agus Foghlaim (BCF): Iarbhunscolaíocht	71
Cigireachtaí Ábhair	404
Cigireachtaí Cláir	13
Cigireachtaí Teagmhasacha	284
Meastóireachtaí Ionaid Oideachais (Youthreach)	4
Meastóireachtaí DEIS	10
Cigireachtaí Leantacha	112
Iomlán cuairteanna cigireachta	**898**
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta ar iarbhunscoileanna	**507**

Tábla 4: Cigireachtaí agus meastóireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga

Cigireacht/gníomhaíocht meastóireachta	2013
Tuairiscí meastóireachta ar Choláistí Gaeltachta (Samhradh/Cáisc)	40
Cómheastóireachtaí Thuaidh/Theas ar scoileanna i gcomhar le Cigireacht ETI, Tuaisceart Éireann	10
Meastóireacht ar scoileanna ar chúiseanna aitheantais/measúnacht oideachais in áiteanna eile seachas scoileanna aitheanta	2
Meastóireachtaí ar ionaid Cúram agus Oideachais Luath-Óige / Early Start Project	6
Meastóireacht ar scoileanna Neamhord Speictream an Uathachais	1
Meastóireacht ar scoileanna speisialta atá ceangailte le hAonaid Ard-Tacaíocchta, Aonaid Sainchúraim agus Scoileanna Coinneála	9
Cigireachtaí ar champaí samhraidh litearthachta do pháistí	5
Cigireachtaí ar *campaí samhraidh* do pháistí	5
Meastóireacht ar Choláistí *Teagasc*	2
Iomlán gníomhaíochtaí eile meastóireachta	**80**

‡‡ Comhchigireachtaí le Cigireacht Oideachais agus Oiliúna, Tuaisceart Éireann: 16 scoil *Dissolving Boundaries* i 2011; 10 gcigireacht chomhthaighde staidéir ar sholáthar na Litearthachta i 2013

2.6 Tábla Prapíocaíochtaí i 2013

Achoimre ar Phrapíocaíochtaí[1] Eanáir go mí na Nollag 2013			
Mionsonraí	**Líon**	**Luach (€)**	**Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh (Líon)**
Líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	12,552	321,797,243	82.06%
Líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 lá go 30 lá	1,365	3,972,313	16.09%
Líon íocaíochtaí a rinneadh in níos mó ná 30 lá	135	258,876	1.85%
Iomlán íocaíochtaí a rinneadh i 2013	14,052	326,028,432	100.00%
Iomlán Sonrasc Díospóidithe i 2013	9	197,381	

Foinse: Achoimre ar thuairiscí ráithiúla 2013 don Roinn de bhun Chinneadh Rialtais Uimh.S29296 den 19ú Bealtaine 2009

[1] Íocaíochtaí a dhéantar ar nó roimh an dáta ar a bhfuil an íocaíocht dlite faoi théarmaí conartha scríofa, nó murab ann do chonradh scríofa, nó mura sainítear dáta íocaíochta sa chonradh scríofa, laistigh de 45 lá ó fháil an tsonraisc nó ó sheachadadh na n-earraí nó na seirbhísí, cibé acu is déanaí.

Dul chun Cinn ar ár gCuspóirí Ardleibhéil i 2013

Cuspóir 1 –Córas ardcháilíochta cuimsitheach scoileanna agus oideachas luathbhlianta a sholáthar maille le torthaí feabhsaithe foghlama

Is é aidhm fhoriomlán na Roinne, agus í ag soláthar tacaíochtaí don chóras scoileanna agus oideachas luathbhlianta, a chur ar chumas soláthraithe oideachais torthaí ardcháilíochta a sholáthar do gach foghlaimeoir i dtimpeallacht uileghabhálach. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, cuireann an Roinn ar fáil tacaíochtaí leanúnacha teagaisc, airgeadais, beartais, reachtaíochta agus curaclaim agus, san am céanna, féachann sí le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus le riachtanais speisialta oideachais. Soláthraíonn Cigireacht na Roinne dearbhú cáilíochta agus cuntasacht phoiblí sa chóras oideachais trí chigireachtaí agus meastóireachtaí a dhéanamh i scoileanna agus cuireann dea-chleachtas agus feabhsúchán scoile chun cinn trí chomhairle a thabhairt do mhúinteoirí, príomhoidí, boird bhainistíochta i scoileanna, lucht déanta beartais sa Roinn agus d'earnáil an oideachais ina hiomláine.

3.1 Tacú le Córas Ardcháilíochta Oideachas Luathbhlianta

Tacaíonn an Roinn le cáilíocht an tsoláthair in earnáil an oideachas luathbhlianta trí fhorbairt lucht saothair agus cur chun cinn soláthar éifeachtach oideachais do pháistí darb aois 0-6. Tá Aonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta sa Roinn comhlonnaithe leis an ***Roinn*** Leanaí agus Gnóthaí Óige (D/CYA) lena chinntiú go bhforbraítear beartais san earnáil luath-óige laistigh de chreat beartais straitéiseach foriomlán do pháistí.

I 2013, chuir an Roinn i gcrích a cuid oibre leis na heagraíochtaí deonacha cúram leanaí agus ar chláir coiscthe agus luath-idirghabhála ar thástáil allamuigh Síolta, an Creat Ardcháilíochta um Oideachas san Luathbhlianta. Foilsíodh tuarascáil deiridh ar fhorbairt agus feidhmiú Chlár Dearbhaithe Cáilíochta Síolta i mí na Nollag agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) sárthaispeántas dá cuid oibre ar an bhfoireann uirlisí *Aistear-in-Action* trí ócáid náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Is cabhair í an fhoireann uirlisí seo chun tacú le cleachtóirí prionsabail *Aistear*, an creat curaclaim do pháistí d'aois 0-6, a fheidhmiú.

I 2013, rinneadh mionscrúdú dian ar an earnáil luath-óige nuair a craoladh clár *Prime Time* ar 28ú Bealtaine inar léiríodh cleachtas míchuí i dtrí naíolann. Ba é an freagra a bhí air ná an rialtas aird a athdhíriú ar chúrsaí cáilíochta agus tógáil ar na léargais a d'eascair as feidhmiú *Síolta* agus forbairt fhoireann uirlisí *Aistear-in-Action*.

Tá an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta ag glacadh páirt i Meitheal Théamach ar Oideachas agus Cúram Luath-Óige (ECEC) a bunaíodh i 2012, le Creat Cáilíochta Eorpach a fhorabirt don ECEC. Tá cúig thosaíocht sainaitheanta i gcomhair creat cáilíochta don ECEC: curaclam, lucht saothair, rochtain, monatóireacht agus meastóireacht agus rialachas. I mí na Bealtaine, d'óstáil an tAonad i gcomhar le D/CYA, gníomhaíocht phiarfhoghlama i mBaile Átha Cliath ina raibh an téama *Monatóireacht agus Meastóireacht in Oideachas Luath-Óige*. Tá tuairisc ar imeachtaí na gníomhaíochta ar fáil.

Bhí ionadaíocht ag an Roinn ar ghrúpa comhairleach saineolaithe a bhunaigh D/CYA le heolas a thabhairt don Roinn ar fhorbairt Straitéis Luath-Óige. Foisíodh an tuarascáil, *Right from the Start*, i nDeireadh Fómhair.

Lean an tAonad Beartais EYE de riar chlár *Early Start*, ar clár luath-idirghabhála é do pháistí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Rinne 1,251 páiste an clár i 2013.

3.2 Curaclam and Measúnacht i Scoileanna

I rith 2013, lean an Roinn dá cuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ar fhorbairt curaclaim agus thug tús áite d'fheidhmiú leanúnach na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, Tionscadal Mata agus Athleasú na Sraithe Sóisearaí.

3.2.1 Athleasú na Sraithe Sóisearaí

Sheol an tAire Creat na Sraithe Sóisearaí i nDeireadh Fómhair 2012. I 2013 leanadh d'obair ar fhorbairt na sonraíochta ábhair don Bhéarla, an chéad ábhar a cuireadh ar fáil ar bhonn céimneach sa tSraith Shóisearach nua. Foilsíodh an tsonraíocht deiridh san fhómhar.

Eisíodh le haghaidh comhairliúcháin doiciméid eolais ar an nGaeilge, an Eolaíocht agus ar Staidéar Gnó. Lena chois sin, lean CNCM dá gcuid oibre ar roinnt gearrchúrsaí Sraithe Sóisearaí lena n-áirítear: Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, Corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, an tSínis, Ríomhchlárú agus Códú, Cúram Ainmhithe, (do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu), Litearthacht Meán Digiteach agus Taibhiú Ealaíonta.

Lean CNCM de bheith ag obair i ndlúthpháirt le 48 scoil ghréasáin le hábhar samplach a fhorbairt d'obair daltaí ar féidir le múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí feidhm a bhaint aisti le go bhfeicfidh siad an caighdeán cuí oibre.

Tá tuilledh eolais ar fáil ag www.juniorcycle.ie.

3.2.2 Ár Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta a Fheabhsú

Leanadh i 2013 d'fheidhmiú *an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*, a foilsíodh in Iúil 2011. Baineann bearta na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta le tuismitheoirí agus pobail; oideachas múinteoirí agus luathbhlianta; curaclam; ceannasaíocht scoile; daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus measúnacht a fheabhsú. Mar sin de, is obair thras-Rannach í a chuirtear i gcrích faoin Straitéis. Cumhdaítear obair churaclaim agus roinnt forbairtí measúnachta faoin gceannteideal seo ach tharla forbairtí suntasacha fosta a bhaineann le, mar shampla, oideachas múinteoirí agus féinmheastóireacht scoile a dtugtar aghaidh orthu in áit eile sa tuairisc seo.

Maidir leis an mheasúnacht, thacaigh an Roinn leis an bhForas Taighde ar Oideachas (ERC) le clár monatóireachta náisiúnta a sholáthar i mbunscoileanna a bhain le léamh an Bhéarla, léamh na Gaeilge agus le Matamaitic i scoileanna Béarla agus i nGaelscoileanna araon. Tugadh cúnamh don ERC chomh maith ina rannpháirtíocht sa Chlár idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA), An Staidéar Idirnáisiúnta Litearthachta ar Dhul Chun Cinn na Léitheoireachta (PIRLS) agus Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta na Matamaitice agus na hEolaíochta (TIMSS).

Rinneadh trialacha caighdeánaithe i ranganna 2ú, 4ú agus 6ú bliain don dara bliain as deis a chéile i mí na Bealtaine/Meitheamh 2013. Tugadh torthaí comhiomlána na dtrialacha seo ar ais don Roinn le haghaidh anailíse.

3.2.3 Tionscadal Mata

Cuireadh cúig shnáithe uile Thionscadal Mata i bhfeidhm go céimneach i scoileanna príomhshrutha i Meán Fómhair 2012. I Meitheamh 2013, shuigh daltaí na hArdteistiméireachta scrúduithe inar cumhdaíodh snáithí 1-4 den churaclam nua agus maidir leis an Teastas Sóisearach, cumhdaíodh snáithí 1-2 sna scrúduithe. Mar gheall ar thabhairt isteach siollabas nua Ardteistiméireachta Thionscadal Mata agus soláthar pointí bónais, tá méadú 58% tagtha le trí bliana anuas ar líon na ndaltaí a bhíonn ag gabháil don pháipéar matamaitice ardleibhéil. Rinne 25.6% de chohórt na matamaitice an páipéar ardleibhéil i 2013, i gcomparáid le 22.1% i 2012 agus 15.8% i 2011.

Sonraíodh feabhsúcháin freisin sa Teastas Sóisearach agus 52% de dhaltaí matamitice ag gabháil don pháipéar ardleibhéil, méadú ó 48% i 2012 agus 46% i 2011.

Is é 30% faoi 2020 an spriocráta páirtíochta, faoi mar atá leagtha amach sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta.

Is féidir teacht ar eolas a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí matamaitice dara leibhéal faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach 3.10.5.

3.2.4 Meastóireacht Thionscadal Mata

Choimisiúnaigh CNCM an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oidechais le taighde a dhéanamh ar thionchar Thionscadal Mata ar ghnóthachtáil, foghlaim agus spreagadh daltaí. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i 2013. Léiríodh inti go bhfuil an dul chun cinn atá á dhéanamh, tríd is tríd, ag dul sa treo ceart. Táthar ag cur le muinín daltaí as a gcumas matamaitice agus níl amhras ná go bhfuil leibhéil ghnóthachtála á n-ardú i réimsí na staitistice agus na dóchúlachta, leibhéil atá anois inchomparáide le caighdeáin arda idirnáisiúnta.

Is ábhar spreagtha é fianaise an taighde seo, óir aithníonn múinteoirí an gá atá leis an dóigh a gcuireann siad daltaí i gceann na matamaitice a athrú agus glactar leis go mbeidh buntáistí fadtéarmacha le baint ag daltaí as an tuiscint níos doimhne ar an mhatamaitic atá le sealbhú acu.

Tá an tuarascáil mheasúnacht iomlán ar fáil ag www.ncca.ie.

3.2.5 Curaclam Comhtháite Teanga

Mar chuid den Straitéis Náisíunta Litearthachta agus Uimhearthachta, i 2013, lean an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta dá cuid oibre ar fhorbairt curaclam comhtháite teanga do bhunscoileanna. Cé go mbeidh fócas an churaclaim seo ar an mBéarla agus ar an nGaeilge, ba chóir go mbeadh an cur chuige comhtháite ina chuidiú ag páistí scileanna a shealbhaítear i dteanga amháin a aistriú go teangacha eile agus dúshraith dhaingean a leagan chun teanga iasachta a fhoghlaim san iarbhunscoil. Ba chóir go gcuirfeadh curaclam comhtháite teanga ar chumas múinteoirí éifeachtúlachtaí foghlama a bhaint amach trí aird páistí a tharraingt go follasach ar chosúlachtaí agus difríochtaí idir a gcuid teangacha.

3.2.6 Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoileanna

Bhí an Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoileanna (PPLI) ag obair i dtreo fheidhmiú bheartas na Roinne teagasc teangacha i scoileanna dara leibhéal a éagsúlú, a fheabhsú agus a mhéadú. Rinneadh tuilleadh forbartha ar shuíomh gréasáin PPLI www.languagesinitiative.ie i 2013 agus cuimsíodh acmhainní do mhúinteorí NTI ar Theagasc agus Foghlaim NTI, agus ar Bheartas Curaclaim agus Measúnachta NTI. Tá fáil ar ábhar bainteach do mhúinteoirí agus foghlaimeoirí GACH teanga ar an suíomh gréasáin agus ar shuíomhanna meáin shóisialta PPLI.

3.2.7 Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge agus trí Mheán na Gaeilge i Scoileanna

Tá roinnt beart, a chuirfidh feabhas ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge nó trí mheán na Gaeilge inár mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna, á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Áirítear leo seo feidhmiú feabhsúchán i measúnú na litearthachta i nGaeilge mar chuid de churaclam Gaeilge L1 i nGaelscoileanna, mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisíunta Litearthachta agus Uimhearthachta. Rinneadh athbhreithniú freisin ar inneachar churaclam Gaeilge L2 i scoileanna príomhshrutha Béarla trí úsáid cur chuige "torthaí foghlama" agus sainítear go soiléir an méid a mbítear ag dúil le páistí a ghnóthachtáil ag gach céim den tsraith bhunscolaíochta.

Thug an Roinn tacaíocht leanúnach don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun acmhainní teagaisc agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do theagasc na Gaeilge agus trí mheán na Gaeilge agus lena cuid taighde a dhéanamh.

Cuireadh tús le curaclam Gaeilge athbhreithnithe Ardteistiméireachta i ngach scoil i Meán Fómhair 2010. Ba i 2012 a bhí an chéad scrúdú. Faoin gclár athbhreithnithe tá méadú go 40% sa sciar de na marcanna atá ar fáil i gcomhair measúnú béil agus is aidhm dó athrú suntasach béime a chur chun cinn i dtreo na Gaeilge mar theanga labhartha ionas go bhféadann daltaí cumarsáid a dhéanamh agus idirghníomhú lena chéile ar bhealach spontáineach agus Gaeilge a labhairt gach lá ar scoil. I 2011, 32.3% an céatadán daltaí a rinne Gaeilge ardleibhéil; d'ardaigh sé seo go 37.1% i 2012 agus 38.2% i 2013.

Áireofar leis an gcuraclam comhtháite teanga ag leibhéal na bunscolaíochta torthaí foghlama a bhaineann go sainiúil le riachtanais foghlaim teanga atá ag daltaí a fhoghlaimíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear iad siúd i scoileanna Gaeltachta.

Tá tús curtha chomh maith le forbairt sonraíocht nua don Ghaeilge ag an tSraith Shóisearach. Táthar ag machnamh freisin ar fhorbairt sain-ghearrchúrsa Gaeilge a d'úsáidfí i nGaelscoileanna mar chuid den tSraith nua Shóisearach.

Tá athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar oideachais sa Ghaeltacht ar siúl faoi láthair agus cuirfear san áireamh ann na dúshláin ar leith a bhaineann le teagasc na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus na forálacha pleanála in Acht na Gaeltachta 2013. Is é feidhm an athbhreithnithe roghanna a shainaithint faoi choinne sholáthar an oideachais i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna Gaeltachta a bhfuil próifílí éagsúla teanga acu agus ionchais agus beartais a shoiléiriú maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge i scoileanna den sórt seo. De thoradh an athbhreithnithe, táthar ag dúil go gcuirfear réimse roghanna beartais ar fáil i leith soláthar oideachais i scoileanna Gaeltachta agus go sainaithneofar aon tacaíocht bhreise a bheidh de dhíth feasta.

3.2.8 Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA)

Rinneadh an cúigiú sraith de PISA in Éirinn i Márta 2012. Ba í an mhatamaitic príomhfhócas na measúnachta agus rinnedh measunú mar mhionfherainn ar an léitheoireacht, an eolaíocht agus réiteach fadhbanna. Bhí Éire, i dteannta 32 tír eile, páirteach chomh maith i measúnú ríomhbhunaithe ar an léitheoireacht, an mhatamaitic agus réiteach fadhbanna. San iomlán, ghlac corradh beag le 5,000 dalta 15 bliana d'aois in 182 scoil páirt sa mheasunú in Éirinn.

Anailísíodh agus foilsíodh torthaí PISA na hÉireann ag deireadh 2013 san Fhoras Taighde ar Oideachas (ERC). Léirítear go raibh torthaí na hÉireann i 2012 i measc na dtorthaí is fearr i dtíortha de chuid an ECFE (Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) maidir leis an léamh agus bhí siad go maith os cionn mheán an ECFE sa mhatamaitic agus san eolaíocht. Léiríodh feabhsúcháin shuntasacha i ngach réimse i gcomparáid leis na torthaí PISA ba dhéanaí i 2009.

Is in Éirinn atá an feabhsú is mó san eolaíocht agus tá grád 9 as 34 tír de chuid an ECFE aici agus 15 as 65 tír agus réigiún páirteach; is ardú cúig áit é seo ó bhí 2009 ann. Tá an 4ú áit as 34 tír de chuid an ECFE ag Éirinn agus an 7ú áit as 65 rannpháirtí sa léamh agus 13ú áit as 34 tír de chuid an ECFE agus 20ú áit as na 65 rannpháirtí uile sa mhatamaitic.

Tá na tuarascálacha, staidéir agus trialacha measúnachta uile atá táirgthe ag ERC ar fáil ag www.erc.ie.

3.2.9 Treochtaí i Staidéir idirnáisiúnta na Matamaitice agus na hEolaíochta (TIMMS) agus an Staidéar Idirnáisiúnta Litearthachta ar Dhul chun Cinn na Léitheoireachta (PIRLS)

Foilsíodh imleabhar curtha in eagar de thuarascálacha téamacha ar PIRLS agus TIMMS in Éirinn *National Schools, international contexts: Beyond the PIRLS and TIMSS test results* i Meitheamh 2013. Tá na tuarascálacha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Taighde ar Oideachas www.erc.ie. Áirítear ar na ceisteanna a chumhdaítear eolas comparáideach ar ár gcóras oideachais, ár múinteoiri, ár ndaltaí, ár gcuraclam agus idirghníomhuithe baile-scoile.

3.2.10 Tacú leis an bPróiseas Scrúduithe

Lean an Roinn i rith na bliana de thacú le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an ghníomhaireacht atá freagrach as measúnú, creidúnú agus teastasú scrúduithe dara leibhéal i stát na hÉireann: an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht.

Is oibríocht ollmhór í, ó thaobh na lóistíochta, na scrúduithe a eagrú. Is iondúil go mbíonn breis agus 116,500 iarrthóir ann gach bliain i mbreis agus 4,900 príomhionad scrúduithe agus i 10,000 ionad speisialta. Mar chuid den phróiseas seo bíonn 250 ionstraim thástála i gceist, le cois 90 ábhar curaclaim agus 15 ábhar neamhchuraclaim, breis agus 6,000 scrúdaitheoir, 3 mhilliún scrúdpháipéar aonair ina mbíonn 34 milliún leathanach agus beagán níos lú ná 2 mhilliún mír thástála.

D'ainneoin go bhfuil réimse gnásanna ag CSS le hiontaofacht a fheabhsú agus le hearráidí a íoslaghdú, tarlaíonn earráidí, ar an drochuair, ar scrúdpháipéir ó am go chéile. In amanna, ní bhraitear earráidí roimh ré agus faightear amach fúthu le linn nó i ndiaidh an scrúdaithe. Bhí roinnt earráidí i gceist i scrúduithe 2013.

I ndiaidh dúinn a fháil amach gurbh ann do na hearráidí, d'iarr an Roinn tuairisc ar CSS agus tá na céimeanna seo a leanas beartaithe acu:

- cur chuige níos foirmiúla a bheith acu i leith pleanáil straitéiseach lucht saothair lena n-áireofar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le cailleadh eolais atá sainiúil don ábhar
- cur chuige bunaithe ar riosca a úsáid chun na struchtúir agus prótacail phearsanra i leith ullmhúchán páipéar do gach ábhar a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs baill foirne agus acmhainní eile atá ar fáil
- anailís a dhéanamh ar gach earráid iarphriontála, lena n-áirítear na hearráidí braite a dtarraingíonn CSS aird orthu ar an Liosta Ceartúchán, ionas go sainaithnítear patrúin agus na cúiseanna taobh thiar díobh
- An t-eolas a éiríonn as an athbhreithniú seo a úsáid lena shainaithint cén áit a bhféadfaí gnásanna agus prótacail agus/nó riachtanais oiliúna baill foirne a neartú m.sh. i réimsí amhail léamh profaí agus rialú leaganacha.

3.3 Oideachas i gComhair na Forbartha Inbhuanaithe

D'eagraigh an Roinn comhairliúchán poiblí ar fhorbairt straitéis náisiúnta ar Oideachas i gComhair na Forbartha Inbhuanaithe i bhfómhar 2013. Ina dhaidh sin bhí plé comhchéime i mí na Samhna 2013. Táthar ag súil an straitéis a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú faoin dara ráithe de 2014.

3.4 Forbairt Beartais chun Tacú le Scoileanna

3.4.1 Plean Gnímh ar an mBulaíocht agus Forbairt Gnásanna Frithbhulaíochta

Seoladh Plean Gníomh ar an mBulaíocht in Eanáir 2013 agus buiséad tiomnaithe €500,000 aige chun tacú le cur i bhfeidhm beart le dul i ngleic leis an mbulaíocht agus í a chosc i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna. Tá na bearta dírithe ar thacaíocht do scoileanna, oideachas agus oiliúint, taighde agus ardú feasachta.

I Meán Fómhair 2013, foilsíodh gnásanna nua frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá na gnásanna nua agus an Ciorclán Roinne 0045/2013 a bhaineann leo le cur i bhfeidhm i ngach bunscoil agus iarbhunscoil aitheanta agus in ionaid oideachais, faoi mar a shainmhínítear in Acht Oideachais 1998, ar a bhfreastalaíonn daltaí faoi bhonn 18 mbliana d'aois. Tá d'iallach ar údaráis agus pearsanra scoile na gnásanna seo a chomhlíonadh agus iad ag plé le líomhaintí agus teagmhais bhulaíochta.

Is é an fheidhm atá leis na gnásanna seo treo agus treoir a a thabhairt d'údaráis agus pearsanra scoile le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta scoilbhunaithe agus í a chosc i measc a gcuid daltaí agus chun plé le haon tionchar diúltach atá laistigh de scoileanna mar gheall ar iompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn áit éigin eile.

Táthar ag súil go mbeidh forbairt agus glacadh polasaí frithbhulaíochta, a chomhlíonann ceanglais na ngnásanna seo, curtha i gcrích ag gach scoil a luaithe agus is féidir le linn scoilbhliain 2013/14 ach tráth nach moille ná deireadh an dara téarma de scoilbhliain 2013/14.

Ní mór polasaí frithbhulaíochta scoile a chur ar fáil do phearsanra scoile agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile. Murab ann do shuíomh idirlín, caithfidh tuismitheoirí agus daltaí bheith in ann teacht go réidh ar an bpolasaí má iarrtar é agus ní mór é a thabhairt do Chumann Tuismitheoirí más ann dá leithéid.

Nuair a bhíonn Bord Bainistiochta gach scoile ag forbairt a bpolasaí frithbhulaíochta, ní mór dóibh an polasaí a cheapadh i gcomhpháirt le baill foirne, idir bhaill atá ag teagasc agus eile, faoi cheannasaíocht an Phríomhoide agus i gcomhairle le tuismitheoirí agus daltaí.

Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh breis agus 100 seisiún oiliúna frithbhulaíochta do bheagnach 3,300 tuismitheoir. Ba iad Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí a chomheagraigh na cúrsaí seo do leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile araon.

Áiríodh le gníomhaíochtaí eile forbairt clár forbairt ghairmiúil leanúnach a bhain leis an bPlean Gnímh, tacaíocht do Lá na Sábháiteachta Idirlín 2013, tacaíocht do Seas Suas!Seachtain Feasachta in aghaidh bulaíochta Homafóbaí agus Trasfóbaí i scoileanna dara leibheal agus coimisúnú taighde ar chúrsaí frithbhulaíochta.

3.4.2 Pátrúnacht Bunscoileanna

Ag tús na bliana, ag leanúint ar aghaidh ó na suirbhéanna píolótacha a eisíodh go mall i 2012, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas le tuilleadh suirbhéanna a dháileadh ar bhonn céimneach ar thusimitheoirí páistí d'aois 0-12 bhliain i 38 baile mór ar fud na hÉireann a iarraidh orthu a roghanna pátrúnachta do bhunscoileanna áitiúla a chur in iúl. Ba é aidhm an tsuirbhé an leibhéal éilimh ag tuismitheoirí ar ilchineálacht pátrúnacht scoile a fháil amach sna bailte móra seo uile agus, aon áit inar léiríodh go rabhthar i bhfabhar rogha níos leithne, dul i gcomhairle le pátrúin reatha maidir le plean a fhorbairt chun roinnt scoileanna a aistriú go dtí forais phátrúnachta eile. Foilsíodh torthaí an tsuirbhé in Aibreán agus fuarthas amach go mbeadh athrú pátrúnachta i 23 baile mór.

3.4.3 Iarratais ar Phátrúnacht Iarbhunscoileanna Nua

I mí na Bealtaine, lorg an tAire iarratais ar phátrúnacht iarbhunscoileanna nua i 2015 agus 2016. Ós rud é gur rogha tuismitheoirí an bhuncheist maidir le cinneadh faoi phátrúnacht, iarradh ar phátrúin fianaise ar éileamh tuismitheoirí a thabhairt agus iad ag cur isteach iarratais ar scoil nua.

Lena chois sin, áirítear leis na critéir a úsáidtear le cinneadh a dhéanamh faoi phátrúnacht, an bealach ba chóir don scoil atáthar a mholadh riar ar eágsúlacht soláthair sa cheantar a shíneadh nó a neartú agus tuairimí tuismitheoirí á gcur san áireamh. Tugadh de thasc don Ghrúpa Bunaithe Scoileanna Nua, grúpa comhairleach neamhspleách, comhairle a thabhairt don Aire ar phátrúnacht na scoileanna nua i ndiaidh dóibh tuairisc a réitigh an Roinn a bhreithniú. Fógraíodh toradh an phróisis i mí na Samhna 2013. Chomh maith leis sin, i Meán Fómhair 2013, d'fhógair an tAire toradh próiseas eile cinntí faoi phátrúnacht do bhunscoileanna nua atá le hoscailt i 2014.

3.4.4 Próisis Iontrála Scoile

I Meán Fómhair 2013 foilsíodh Dréacht-Scéim Ghinearálta (Iontráil ar Scoileanna) Bille Oideachais, 2013 chomh maith le Dréacht-Rialúcháin ar Inneachar Beartais agus Dréacht-Rialúcháin ar Phróiseas Iontrála chun go bpléifear iad roimh reachtaiocht a achtú.

Is é an aidhm atá leis na moltaí reachtaíochta seo a thabhairt chun cinn an próiseas iontrála a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil an bealach ina ndéanann scoileanna cinneadh ar iarratais struchtúrtha, cothrom agus trédhearcach.

Tagann foilsiú na Dréacht-Scéime Ginearálta i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí a eagraíodh i 2011 nuair a sheol an tAire plépháipéar ar rollachán scoile. Tá moltaí sa doiciméad, Plépháipéar ar Chreat Rialúcháin um Rollachán Scoile, ar bhealaí chun an próiseas rollacháin i scoileanna a dhéanamh níos oscailte, níos cothroime agus níos leanúnaí. Ba é cuspóir an pháipéir dul i mbun díospóireachta agus í a spreagadh ar pholasaithe agus cleachtais rollacháin. Fuarthas 90 aighneacht ó na páirtithe oideachais agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Cuireadh an Dréacht-Scéim Ghinearálta agus na dréacht-rialúcháin faoi bhráid Chomh-Choiste an Oireachtais ar Oideachas agus Coimirce Shóisialach, le go bhféadfaí plé poiblí iomlán a dhéanamh, lena n-áirítear ionchuir ó thuismitheoirí agus ó na páirtithe oideachais. D'iarr Comh-Choiste an Oireachtais ar Oideachas agus Coimirce Shóisialach aighneachtaí scríofa ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí ar spéis leo é. Déanfar machnamh cúramach ar thuairisc Choiste an Oireachtais roimh dhul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den reachtaíocht.

3.5 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) i Scoileanna

3.5.1 Clár TFC i Scoileanna

Tá Clár TFC i Scoileanna dírithe ar chomhtháthú TFC sa teagasc agus foghlaim agus forbairt litearthacht dhigiteach daltaí a chur chun cinn. Tugann an clár faoi cheithre réimse leathana, mar atá: soláthar infreastruchtúr agus líonrú riachtanach TFC laistigh de scoileanna; soláthar rochtain ar nascacht leathanbhanda do scoileanna; scileanna TFC múinteoirí a athnuachan agus TFC a chomhtháthú sa churaclam; agus inneachar agus bogearraí a bhaineann leis an gcuraclam a sholáthar. Bítear ag gabháil do straitéisí TFC trí obair na Roinne agus An tSeirbhís um Fhorbairt Gahirmiúil do Mhúinteoirí (PDST) Teicneolaíocht san Oideachas, i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile, seirbhísí tacaíochta agus forais ionadaíochta de réir mar is cuí.

3.5.2 Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Cuireadh tús le hobair i 2013 ar fhorbairt Straitéis nua Dhigiteach do Scoileanna. Tabharfaidh an Straitéis faoi chúrsaí mar atá siad faoi láthair agus an méid a tharla go dtí seo; cuspóirí, tosaíochtaí agus dúshláin na Roinne; agus gníomhaíochtaí agus treochtaí seachtracha, forbairtí idirnáisiúnta san áireamh. Tabharfar aghaidh freisin ar na dúshláin nua beartais agus deiseanna a éiríonn as mórfhorbairtí in athleasú curaclaim, foilsiú digiteach, inneachar digiteach, seirbhísí néalríomhaireachta, ríomhaireacht iniompair, gléasanna daltaí agus leathanbhanda do scoileanna. Mar chuid den phróiseas seo, cuireadh daonáireamh TFC ar líne do scoileanna i gcrích i 2013 agus seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí. Is uathu seo, le cois fócasghrúpaí, a gheofar an t-eolas a éascóidh próiseas forbartha na Straitéise. Tá an Straitéis le foilsiú i 2014.

3.5.3 Punainn Leictreonacha

Faoi ghairm ar mholtaí *Seomraí Ranga Cruthaitheacha* an EU, tá Aonad Beartais TFC sa Roinn i gceannas ar chuibhreannas idirnáisiúnta atá ag forbairt moladh tionscadail bunaithe ar scéim

phíolótach in úsáid oibríochtúil ríomhphunann i seomraí ranga na hÉireann. Glacfaidh CNCM agus CSS páirt fhoirmiúil sa tionscadal seo, chomh maith le páirtithe lucht an tionscail. Tá 25 scoil roghnaithe agus tá an tionscadal le tosú in earrach 2014. Tionóladh cruinniú tosaigh chun na scoileanna uile a thabhairt le chéile sa Mhol Digiteach ar 10ú mí na Nollag 2013.

3.5.4 Saotharlann na Scoileanna Beo

Tá an Roinn mar chuid de *Saotharlann na Scoileanna Beo* Choimisiún AE, ar tionscadal dhá bhliain é ina bhfuil 12 aireacht oideachais páirteach. Is é príomhaidhm an tionscadail gréasán inbhuanaithe, forásach bunscoileanna agus meánscoileanna a chruthú, bunaithe ar chnuasaigh réigiúnacha a dhéanann sárthaispeántas den dea-chleachtas agus a roinneann é chomh maith le dóigheanna a n-éireodh leo úsáid na teicneolaíochta a leabú i dteagasc agus foghlaim i ngach cuid den scoil. Tá seacht scoil as Éirinn, 3 bhunscoil agus 4 iarbhunscoil páirteach sa tionscadal seo.

3.5.5 Leathanbhanda i Scoileanna

3.5.5.1 Leathanbhanda 100Mbps d'Iarbhunscoileanna

Tá 320 iarbhunscoil ceangailte le 100Mbit/s agus tá 160 eile le ceangal faoi dheireadh 2013. Ceanglófar gach iarbhunscoil eile faoi Mheán Fómhair 2014.

3.5.5.2 Clár Leathanbhanda Scoileanna

Gnóthaíodh feabhsúcháin ag leibhéal na bunscolaíochta i ndiaidh bronnadh conarthaí nua ó iomaíochtaí miontairisceana a eagraíodh le linn 2013.

Mhéadaigh meán laethúil comhiomlán trácht gréasán leathanbhanda scoileanna ó 1400Mbits/s i nDeireadh Fómhair 2012 go 2000Mbits/s i nDeireadh Fómhair 2013.

3.5.5.3 Scoilnet

I 2013, tugadh 1.8 milliún cuairt ar www.scoilnet.ie, an tairseach náisiúnta TFC san oideachas a thairgeann rochtain ar stór forásach comhairle, eolais agus foinsí gréasáin measta agus catagóirithe, bogearraí agus acmhainní ilmheáin.

3.6 Cuimsitheacht a Chur chun Cinn i Scoileanna

3.6.1 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)

Is é DEIS, an Plean Gnímh um Chuimsitheacht Oideachais, príomhthionscnamh na Roinne le tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachais. Is é aidhm an Phlean Ghnímh go dtugtar tús áite, agus go dtugtar fúthu go héifeachtach, do riachtanais páistí agus daoine óga ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste. Bunghné de chuid an Phlean Ghnímh is ea an bhéim mhéadaithe ar phleanáil ag leibhéal scoile agus cnuasach scoileanna, beartú spriocanna agus tomhas dul chun cinn agus torthaí lena chinntiú go gcuireann feabhsúchán ar thorthaí oideachasúla do na páistí agus daoine óga bainteacha leis an infheistíocht mhéadaithe.

3.6.2 Meastóireacht Leanúnach DEIS

Is buntiomantas é faoi DEIS meastóireacht leanúnach an chláir lena chinntiú go n-éiríonn linn é a chur i bhfeidhm agus go bhfuil na cuir chuige is fearr agus is féidir againn le dul chun cinn agus torthaí a thomhas ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon agus béim ar mheastóireacht mhúnlaitheach. Is príomh-chomhbhall de na meastóireachtaí a dhéanann an Foras um Thaighde ar Oideachas (ERC) é monatóireacht ar an athrú i ngnóthachtáil sa léamh agus sa mhatamaitic. Rinneadh tuilleadh tástála i 2013 le tógáil ar shonraí gnóthachtála 2007 agus 2010. Foilsíodh na réamhthorthaí den tríú babhta seo d'fhadtástáil ar ghnóthachtáil sa léamh agus sa mhatamaitic ag daltaí i 120 bunscoil uirbeach DEIS i dtuarascáil feasacháin dar teideal *Changes in Pupil Achievement in Urban Primary Schools Between 2007 and 2013* i mí na Nollag 2013. Léirítear sa Tuarascáil seo feabhsúcháin leanúnacha do dhaltaí i scoileanna DEIS sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Is iad príomhthorthaí na Tuarascála: tháinig méadú suntasach ar scóir trialacha ag gach leibhéal grád ina ndearnadh tástáil idir bailiú sonraí bonnlíne i 2007 agus tástáil leantach i 2010 agus léirítear trí thorthaí ón mbabhta is déanaí tástála in earrach 2013, ní hé amháin gur coinníodh an

dul chun cinn tosaigh ach gur tógadh air idir 2010 agus 2013; is léir dul chun cinn ar leith sna gráid shóisearacha agus i scoileanna ina bhfuil leibhéil arda míbhuntáiste; d'ainneoin laghdú suntasach ar dhaltaí a bhfuil scór íseal acu sa léamh agus sa mhatamaitic araon, coinníodh nó méadaíodh an céatadán de dhaltaí ardghnóthachtála sa dá ábhar; agus thit leibhéil neamhláithreachtaí daltaí ó 10.8% i 2007 go 7.1% i 2013.

Cuireadh tús i 2013 le hobair ar dhá thuarascáil eile ar fheidhmiú DEIS, i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna tuaithe agus uirbeacha agus foilseoidh an ERC iad i 2014. Chomh maith leis sin i 2013 chuir Cigireacht na Roinne tús le hobair allamuigh do mheasúnú comhlántach ar bheartú spriocanna agus pleanáil I scoileanna DEIS agus foilseofar an tuarascáil I 2014.

I mí na Nollag 2013, fógraíodh go n-óstálfaidh an Roinn, i gcomhar le ERC, Seimineár Taighde ar DEIS in earrach 2014 ar a mbeidh faill ag cleachtóirí chlár DEIS, oideachasóirí eile agus lucht déanta beartais an fhoghlaim fhoilsithe ó DEIS go dtí seo a phlé.

3.6.3 Clár Tacaíochta Scoile

Tá fócas ar leith faoi láthair ar mheasúnú leanúnach Chlár Tacaíochta Scoile DEIS ag an ERC agus ag Cigireacht na Roinne. I 2013, tugadh acmhainní breise de réir a leibhéal míbhuntáiste faoi Chlár Tacaíochta Scoile DEIS do 852 scoil DEIS, is é sin 195 Bunscoil Uirbeach Bhanda 1, 141 Bunscoil Uirbeach Bhanda 2, 322 Bunscoil Tuaithe agus 194 iarbhunscoil ina bhfuil rollachán beagnach 167,000 dalta.

Is í an tSeirbhís Leasa Oideachais den Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh a sholáthraíonn an Scéim Theagmhála Baile Scoile (TBS) agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) ar croíghnéithe iad de Chlár Tacaíochta Scoileanna DEIS.

Tá fáil ag 538 Bunscoil agus iarbhunscoil DEIS ar Theagmháil Baile Scoile agus tá 400 post sannta chun múinteoirí a imlonnú i ról an Chomhordaitheora.

Tá 124 tionscadal sa Chlár Críochnaithe Scoile agus iad scaipthe ar fud 26 contae, 223 iarbhunscoil agus 468 bunscoil agus iad dírithe go sainiúil ar thart faoi 36,000 páiste agus duine óg.

Cuireadh €96.3 milliún ar fáil le haghaidh acmhainní DEIS i 2013.

3.6.4 Rátaí Coinneála Daltaí i Scoileanna Dara Leibhéal a Fheabhsú

Baineann an Tuarascáil is déanaí ar Rátaí Coinneála in Iarbhunscoileanna le rátaí coinneála daltaí a tháinig isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach i 2007 agus a chomhlánaigh scolaíocht dara leibhéal tráth nach moille ná 2013.

Léirítear an méid seo a leanas sa Tuarascáil: d'fhan an líon daltaí a shuigh an Ardteistiméireacht san iomlán ag níos mó ná 90%; mhéadaigh an meánráta coinneála i scoileanna DEIS ó 80.1% do dhaltaí a tháinig isteach sa dara leibhéal i 2006 go 80.4% agus tháinig laghdú an-bheag ar an ráta coinneála i scoileanna neamh-DEIS ó 92.7% go 92.6% maidir leis na cohóirt iontrála chéanna; tháinig méadú an-mhór ar líon na bhfear óg a fhanann ar meánscoil go 88.36% i gcomparáid le 82.4% i gcohórt 2004; agus de réir na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir leis an 27 ballstát de chuid an AE gur 9.7% de dhaltaí na hÉireann a fhágann an scoil go luath i gcomparáid le meáin AE-27 agus AE-15 14% agus 16% faoi seach. Tá Éire, mar sin de, rangaithe sa 12ú áit i liosta bhallstáit AE.

3.6.5 Comhoibriú le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa óig

Thug an Roinn cabhair chun maoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa a éileamh ó Choimisiún an hEorpa do Sheirbhís na hÉireann um Cheartais i Leith an Aosa Óig agus do Thionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána i 2013. Is tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a soláthraíodh na tionscadail seo a bhfuil a bhfócas ar sholáthar scileanna TF agus forbartha pearsanta agus iad dírithe ar dhaoine óga ar beag a dteagmháil leis na gnáthbhealaí chun oideachais, oiliúna agus fostaíochta.

3.7 Riar ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Cuireann an Roinn réimse tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus speisialta araon lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, caipitíocht bhreisithe agus socruithe speisialta iompair.

Tá an Roinn tiomanta chun a chinntiú go bhfuil fáil ag gach páiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar oideachas a oireann dá riachtanais, in ionaid chuimsitheacha phríomhshrutha más féidir, tríd an ngréasán bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Mura féidir riar ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in ionaid phríomhshrutha, soláthraíonn an Roinn áiteanna i sainranganna speisialta agus i scoileanna speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as iarratais ó scoileanna ar thacaíochtaí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) tacaíocht do scoileanna le buanna agus riachtanais daltaí a shainaithint agus maidir le beartú i gcomhair, agus athbhreithniú, idirghabhálacha a oireann do na riachtanais sin.

3.7.1 Tacaíochtaí dírithe a thugtar do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta

Faoi 31ú Nollaig 2013, bhí coibhéis 10,700 múinteoir lánaimseartha acmhainne nó tacaíocht foghlama i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha. Lena chois sin, thug 1,100 múinteoir oideachas do pháistí atá ag freastal ar scoileanna speisialta ina bhfuil cóimheas laghdaithe dar raon 6:1 go 11: 1, ag brath ar a gcatagóiriú míchumais.

Tá Cúntóirí Riachtanas Speisialta ag tacú freisin le páistí a bhfuil riachtanais speisialta chúraim acu. Tá coibhéis 10,745 post lánaimseartha Cúntóirí Sainchúram á gcur ar fáil i scoilbhliain 2013/14 le riar ar riachtanais cúraim páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag feastal ar bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Tugadh tuairim ar 1,140 deontas do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta i 2013 le saintrealamh a cheannach le cabhrú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa seomra ranga. Áirítear leis an gcineál trealaimh a tugadh; córais *soundfield* do pháistí a bhfuil lagú éisteachta acu nó saoráidí bogearraí nó ríomhaireachta do pháistí a bhfuil míchumas cumarsáide acu.

Faomhadh 103 rang breise do pháistí a bhfuil uathachas orthu i scoileanna príomhshrutha agus is ranganna luath-idirghabhála 23 díobh sin. Is é a thoradh sin gur 516, ag deireadh 2013, an líon iomlán ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha do pháistí a bhfuil uathachas orthu.

3.7.2 Scéim Teagasc Baile

Tríd an Scéim Teagasc Baile, cuirtear maoiniú ar fáil do thuismitheoirí oideachas a thabhairt sa bhaile do pháistí nach bhfuil, ar chúiseanna éagsúla, in ann freastal ar scoil. Méadaíodh an scéim le blianta beaga anuas chun teagasc a éascú do pháistí atá ag fanacht le socrúchán cuí oideachais agus le luath-idirghabháil a sholáthar do pháistí réamhscoile a bhfuil uathachas orthu. Fuair 1,249 dalta teagasc sa bhaile le linn scoilbhliain 2012/13.

3.7.3 Clár Oideachais Mhí Iúil

Trí Chlár Oideachais Iúil, cuirtear ranganna speisialta ar fáil le riar ar pháistí a bhfuil uathachas orthu agus a roghnaíonn seirbhísí oideachais a shíneadh trí mhí Iúil. Cuireann an Roinn ar fáil freisin Clár Iúil do dhaltaí a bhfuil dian-mhíchumas nó míchumas trom foghlama ginearálta acu. Nuair nach mbíonn soláthar scoilbhunaithe indéanta, d'fhéadfaí deontas a fhaomhadh i leith soláthar sa bhaile tríd an Scéim Teagasc Baile.

Tá méadú ag teacht, diaidh ar ndiaidh, ar líon na scoileanna a thairgeann Clár Iúil ó tugadh isteach é 1 2001. Ghlac 167 scoil páirt sa chlár i 2013. Fuair thart ar 3,200 dalta soláthar Chlár Iúil sa bhaile i 2013.

3.7.4 Forbairt Beartais chun Tacú le hOideachas Speisialta

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) comhairle beartais i mí na Bealtaine 2013 ar Thacú le Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna. Mhol NCSE ina comhairle go bhforbrófaí samhail nua chun acmhainní teagaisc riachtanas speisialta a leithdháileadh ar scoileanna príomhshrutha lena chinntiú go ndírítear acmhainní den sórt seo ar na páistí is mó a bhfuil gá acu leo.

Ina dhiaidh sin, d'iarr an tAire ar NCSE Meitheal a bhunú chun moladh a fhorbairt le haghaidh a bhreithnithe i gcomhair samhail nua leithdháilte. Táthar ag dúil go dtuairisceoidh an Mheitheal a cuid torthaí roimh dheireadh earrach 2014.

D'iarr an tAire ar NCSE freisin comhairle bheartais a thabhairt ar sholáthar oideachais do pháistí a bhfuil neamhoird speictream an uathachais orthu. Tá curtha in iúl ag NCSE go gcuirfear an chomhairle bheartais ar fáil in earrach 2015 agus go dtarraingeoidh sí as torthaí a bhaileofar ó phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin. Tarraingeoidh an chomhairle as taighde nua a choimisiúnaigh an NCSE chuige seo chomh maith le taighde ar bith eile a d'fhéadfadh bheith ar fáil agus ar fiú, dar leis an NCSE, a bhreithniú. Táthar ag dúil go léireofar i dtuarascáil deiridh an NCSE an réimse tuairimí is leithne agus is féidir agus go mbeidh moltaí inti ar cúnamh iad chun beartas a fhorbairt sna blianta atá romhainn.

3.7.5 Leithdháiltí Múinteoirí Acmhainne

I Meitheamh 2013, d'údaraigh an tAire an NCSE an leibhéal leithdháiltí múinteoirí acmhainne a bhí le soláthar ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le linn scoilbhliain 2013/14 a choinneáil ag leibhéil 2012/13. Ba é an toradh a bhí ar an gcinneadh seo gur leithdáileadh, ina dhiaidh sin, 480 post breise i nDeireadh Fómhair 2013 agus leithdháileadh 455 díobh ar scoileanna roimh dheireadh na bliana. Mar gheall air seo, leithdháil NCSE 5,745 post múinteoir acmhainne i 2013/14 le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais íosmhinicíochta acu i gcomparáid le 5,265 i 2012/13.

3.7.6 Líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a Mhéadú

I mí na Nollag 2013, d'aontaigh an Rialtas an teorainn atá ar an líon Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) a mhéadú le 390 coibhéis post lánaimseartha, rud ba chúis le méadú 170 i líon na bpost go 10,745 faoi dheireadh 2013 agus le 220 post eile go 10,965 faoi dheireadh 2014. Cuirfidh na poist bhreise a cuireadh ar fáil ar chumas NCSE leanúint de thacaíocht a dháileadh ar pháistí a bhfuil sí de dhíth orthu ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh ina gcuid oideachais agus tairbhe a bhaint as.

3.7.7 Tionscadal Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin

Is tionscnamh cómhaoinithe é Tionscadal Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin de chuid na Roinne Oideachais i dTuaisceart Éireann agus na Roinne seo arb aidhm dó tacú le cur chun cinn scoth chleachtas i bhforbairt agus i gcomhchuibhiú oideachais agus seirbhísí bainteacha do pháistí agus daoine óga a bhfuil neamhoird speictream an uathachais acu. Thosaigh an tIonad ar mhéadú comhaontaithe ar a chuid seirbhísí i 2013.

Féach paragraf 3.10.6 le haghaidh eolais a bhaineann le FGL le freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

3.8 Scéim Iompair Scoile

I measc fheidhmeanna na Roinne tá soláthar seirbhís shábhailte, éifeachtach agus costéifeachtach iompair do pháistí incháilithe chun na scoile agus ar ais agus le híocaíocht thráthúil deontas chun cabhrú le teaghlaigh incháilithe le costais iompair scoile faoi chúinsí nuair nach indéanta ná tíosach seirbhísí iompair scoile a chur ar fáil.

Cuireadh tuilleadh athruithe go hiomlán i bhfeidhm ar an Scéim Iompair Scoile le linn scoilbhliain 2012/13 mar gheall ar chinntí buiséid, ag cur san áireamh athbhreithniú luach ar airgead na Scéime. Áiríodh leis na hathruithe seo scor na hincháilitheachta bunaithe ar riail na scoile dúnta agus riail na scoile lárnaí do gach páiste ag iontráil bunscoileanna; scor chóras na habhantraí le hincháilitheacht a shocrú do gach páiste nua iarbhunscoile agus méadú i dtáillí iompair bunscoile do pháistí incháilithe ó €100 an páiste bunscoile nó uasmhéad €220 do theaghlach bunscoile. Laghdaíodh an táille do pháistí bunscoile a bhain feidhm as iompar ar bhonn lamháltais ó €200 go €100.

Iompraíodh suas le 114,000 páiste, lena n-áirítear 8,000 páiste a raibh riachtanais speisialta oideachais acu, go sábháilte chun na scoile i scoilbhliain 2012/13. Taistealaíodh 82 milliún ciliméadar, cumhdaíodh 42 milliún turas agus úsáideadh 6,000 bealach. Fuair breis agus 2,000 teaghlach thart faoi €3.3 milliún in íocaíochtaí deontais le linn 2013.

Ba é €170.7 milliún cuntas deireadh bliana na seirbhíse, €2 mhilliún os cionn an €168.5 milliún a leithdháileadh.

3.9 Cigireacht agus Dearbhú Cáilíochta i Scoileanna

Cuireann Cigireacht na Roinne le soláthar córas oideachas scoileanna ardcháilíochta cuimsitheach trína clár bliantúil cigireachta i scoileanna agus in ionaid oideachais, trí fhorbairt samhlacha nua feabhsaithe cigireachta agus a hionchur i mbeartas na Roinne san iomad réimsí.

3.9.1 Clár Bliantúil Cigireachta i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais

Chuir an Chigireacht 4,085 cigireacht i gcrích i 2013 (féach táblaí 1 go 4 ar leathanaigh 11 agus 12). Chomh maith lena cuid oibre ar an mheastóireacht, thug an chigireacht cuairt ar 3,201 scoil arbh fheidhm dóibh comhairle a thabhairt do bhaill foirne scoileanna faoi chur i bhfeidhm féinmheastóireacht teagasc agus foghlaim scoile (FMS). Thug an Chigireacht freisin tacaíocht ar líne do scoileanna trína chuntas Twitter FMS agus a suíomh idirlín FMS.

Chuir an Chigireacht tús le forbairt réimse uirlisí chun bonn a chur faoi dhearbhú cáilíochta a cigireachtaí agus a seirbhís chustaiméara a fheabhsú. Áirítear leis na huirlisí seo forbairt agus triail suirbhéanna príomhoidí agus múinteoirí ag leibhéal na bunscoile i ndiaidh Meastóireacht Scoile Uile (MSU) agus cuireadh tús freisin le hobair ar athbhreithniú Chód Cleachtais Gairmiúil na Cigireachta.

3.9.2 Forbairt Samhlacha Nua agus Feabhsaithe Cigireachta

Is é aidhm na Cigireachta a cumhdach scoileanna agus ionaid oideachais agus cáilíocht a cuid oibre a fheabhsú go leanúnach. I 2013, chomhlánaigh sí forbairt sainsamhail cigireacht scoileanna ag Aonaid Ardtacaíochta (AATanna), Aonaid Sainchúraim (ASCanna) agus Ionaid Coinneála Leanaí (ICLanna). Rinneadh cigireacht sna naoi scoil seo uile i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2013. Aontaíodh gnásanna freisin le rannóga eile de chuid na Roinne i gcomhair aitheantais do scoileanna nua speisialta uathachais agus rinneadh meastóireacht ar scoil amháin ar chúiseanna aitheantais.

Feidhmíodh samhail athbhreithnithe cigireachta Meastóireacht Cláir san earnáil iarbhunscoile chomh maith le samhail nua meastóireacht scoile uile – MSU-BCF (Meastóireacht Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannasaíocht agus Foghlaim). Cuireadh tús freisin le forbairt samhail mheastóireacht churaclaim san earnáil bhunscoile.

Chomh maith le cuairt a thabhairt ar scoileanna chun cur i bhfeidhm féinmheastóireacht scoile a thacú, cuireadh tús freisin le forbairt dréacht-chritéir i gcomhair FMS ceannasaíochta agus bainistíochta. Lena chois sin, rinneadh athbhreithnithe ar ghnásanna na Cigireachta i leith promhadh múinteoirí nuacháilithe.

Cuireadh tús freisin le comhairliúchán leis na páirtithe oideachais ar shamhail na cigireachta leantaí, dréachtaíodh agus rinneadh scéim phíolótach d'uirlisí agus próisis nua mheastóireachta i seacht n-ionad Luathbhlianta agus feidhmíodh próisis athbhreithnithe faoi choinne Coláistí

Gaeilge. Cuireadh tús freisin le forbairt samhla chun soláthar bunscoileanna agus iarbhunscoileanna i leith folláine daltaí.

3.9.3 Mar a Chuireann an Chigireacht le Forbairt Beartais agus Curaclaim

Bhí ionchur ag an gCigireacht i bhforbairt tionscadal píolótach de chuid na Comhairle Múinteoireachta dar teideal *Droichead* (féach freisin 3.10.2). D'oibrigh an Chigireacht, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar dhréachtú agus ar chur i gcrích tuairisce ar dhul chun cinn ar fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Cuireann an Chigireacht le hathleasú curaclaim ar bhonn leanúnach agus thug ionchur ar leabhrán eolais na Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe a seoladh chuig scoileanna go luath i 2013, bhí ról an chathaoirligh aici ar Ghrúpa Comhairleach na Sraithe Sóisearaí agus thug comhairle ar fhorbairt shiollabas comhlánaithe Béarla na Sraithe Sóisearaí, chomh maith le comhairle a thabhairt do CNCM ar ábhair eile agus ar ghearrchúrsaí.

3.10 Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

3.10.1 Cláir san Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Tá sé d'aidhm ag an Straitéis Náisiúnta le Feabhas a Chur ar an Uimhearthacht agus ar an Litearthacht i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 a seoladh i mí Iúil 2011 a chinntiú go ndíríonn múinteoirí agus scoileanna go láidir ar scileanna litearthachta agus uimhearthacha, taobh istigh de churaclam leathan cothrom. Leagtar amach inti fosta clár fadréimseach leasúchán ar chúrsaí a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí ag leibhéil na bunscolaíochta agus na hiarbhunscolaíochta. Tá dlúthchomhairliúchán san ábhar seo i ndiaidh tarlú idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta. Comhshnaidhmeadh na hathruithe in oideachas múinteoirí a moladh sa dréachtphlean Litearthachta agus Uimhearthachta le Ráiteas Beartais na Comhairle Múinteoireachta ar Chontanam Oideachas Muinteoirí agus le Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár a foilsíodh fosta i 2011.

Tá feabhsúcháin á ndéanamh ar oideachas tosaigh múinteoirí de réir na straitéise ar a n-áirítear leagan amach riachtanais níos airde iontrála le haghaidh cúrsaí oideachas múinteoirí agus athchumrú ábhar agus fad cúrsaí le forbairt scileanna múinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht a chinntiú.

Tosaíodh ar an mBaitsiléir athchumraithe agus fadaithe san Oideachas (bunmhúinteoireacht) i Méan Fómhair 2012. Tosaíodh ar na cláir fhadaithe athchoincheapaithe chomhthráthacha san oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) don iarbhunscolaíocht i 2013. Tá na cláir chomhleanúnacha athchumraithe fhadaithe san oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) le tosú i 2014.

Bhí an Roinn páirteach i gcumarsáid agus i riarachán éifeachtúil leis na Coláistí Oideachais ar réimsí ábhar a bhaineann le hOideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM), go háirithe Céim an Bhaitsiléara san Oideachas agus an Dioplóma Iarchéime san Oideachas don bhunmhúinteoireacht.

3.10.2 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT)

Is é an phríomhaidhm atá leis an an Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT) tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe ag leibhéil na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta trí thacaíocht chórasach sa chéad bhliain teagaisc, a leagfadh dá réir sin dúshraith don fhás agus don fhorbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin.

Is gné lárnach é *Droichead*, ar tréimhse thacaithe sa chleachtas ghairmiúil é, den tsamhail nua ionduchtúcháin agus promhaidh a bheidh á píolótú thar an chéad dá bhliain eile romhainn. Nuair a bheidh an próiseas a bhaineann le *Droichead* curtha i gcrích go sásúil acu, dearbhóidh a

gcomhghairmithe gur bhain na múinteoirí nuacháilithe amach critéir áirithe agus glanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an choinníoll a bhaineann le *Droichead* óna gclárúchán. Cé go maoiníonn an Roinn an dá chlár, níl de fhreagracht uirthi ach bainistiú an NIPT agus tá freagracht ar an gComhairle Mhúinteoireachta as an gclár dar teideal *Droichead*, mar sin de, tá ionchur ag an dá chuid ar na cláir tríd an dá choiste stiúrtha.

3.10.3 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)

Is é an phríomhaidhm atá leis an PDST tacaíocht chomhsheasmhach chomhtháite maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chinntiú mar fhreagairt ar réimsí tosaíochtaí náisiúnta agus ar riachtanais éiritheacha áitiúla. Is é comhtháthú breise na seirbhísí ar bhonn trasearnála i 2013 ba chúis le cruthú Fhoireann na Sláinte agus na Folláine taobh istigh den PDST. Dhaingnigh an fhoireann seo tacaíocht do réimsí amhail Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), cosaint leanaí, corpoideachas, frithbhulaíocht agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).

Tá sé de chúram ar an PDST ceannaireacht a thabhairt i soláthar tacaíochta do mhúinteoirí maidir le Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta na Roinne, lena n-áirítear Féinmheastóireacht Scoile. Leanadh de na tosaíochtaí náisiúnta seo agus obair an PDST á treorú i 2013.

3.10.4 Líonra na nIonad Oideachais

Tá 30 Ionad Oideachais ar fud na tíre, 21 acu atá lánaimseartha agus 9 atá páirtaimseartha. Is croípháirtithe iad na hIonaid Oideachais i soláthar FGL múinteoirí. Faoi théarmaí tagartha na Roinne reáchtálann siad cláir náisiúnta san athchóiriú ar churaclam agus tairgeann siad seirbhísí tacaíochta agus cúrsaí a chlúdaíonn réimse leathan ábhar a bhaineann le teagasc agus foghlaim.

3.10.5 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Matamaitic

Lean feidhmiú céimneach náisiúnta FGL do mhúinteoirí dara leibhéal matamatice agus tugadh ceardlanna 8 agus 9. Lena chois sin, tairgeadh an ceathrú babhta de chúrsaí roghnacha tráthnóna, a dhírigh ar an réiteach fadhbanna, ar ghnéithe nua den siollabas, ar mhodheolaíocht agus ar ghníomhaíochtaí atá daltalárnach. Bhí Comhdháil Mhatamaitice ag Foireann Forbartha Thionscadal Mata den chéad uair i 2013 in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad. Bhí príomhchainteoirí i gceist sa chomhdháil agus taispeánadh saothar ó na chéad scoileanna a bhí páirteach i dTionscadal Mata i Staidéar na gCeachtanna thar an mbliain roimhe sin. Thairg múinteoirí réimse leathan de léiriúcháin phraiticiúla a roinn staitéisí oidí agus fíorthaithí seomra ranga le breis agus 300 múinteoir a bhí ag glacadh páirte.

I 2013, cheadaigh an Roinn go nglacfaí arís don dara huair le breis agus 300 múinteoir ar an dioplóma iarchéime le breisoiliúint a thabhairt do mhúinteoirí matamaitice nach sainábhar acu í. Is clár páirtaimseartha dhá bhliain é seo san fhoghlaim chumaisc, atá ar fáil do mhúinteoirí saor in aisce ar bhonn náisiúnta. Tugadh €1.7m ar son an chláir in 2013.

3.10.6 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach le Riachtanais Speisialta Oideachais a Chomhlíonadh

Is ardtosaíocht é go fóill sa chóras oideachais an gá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) sa bhreis do mhúinteoirí chun riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhlíonadh. Leanadh i 2013 den mhaoiniú ar áiteanna do mhúinteoirí le cáilíochtaí iarchéime san oideachas speisialta a bhaint amach in institiúidí tríú leibhéal.

Spreagtar gach múinteoir le cúnamh a lorg ón tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) agus le FGL speisialaithe a chuardach maidir le foghlaim agus teagasc na ndaltaí sin a bhfuil réimse leathan de riachtanais speisialta oideachais acu. I 2013, sholáthair SESS thart ar 18,691 áit oiliúna do mhúinteoirí agus lena chois, cuireadh 338 áit ar fáil ar chláir iarchéime san oideachas speisialta.

3.10.7 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Bunaíodh foireann nua thiomnaithe de chuid FGL na Sraithe Sóisearaí darb ainm An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Is é an fheidhm atá léi tacaíocht éifeachtach a sholáthar do scoileanna agus iad ag feidhmiú an Chreata Nua don tSraith Shóisearach.

Beidh SSM ag tairiscint clár náisiúnta fadtéarmach FGL ar bhonn atrátha ar feadh thréimhsí feidhmithe Chreat A don tSraith Shóisearach. Thosaigh an clár seo i nDeireadh Fómhair 2013 le ceardlanna do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí Béarla. Úsáidfear ar an gclár réimse de mhodhanna seachadta FGL lena n-áirítear FGL scoile, a mbeidh roinnt acu faoi stiúir an mhúinteora chomh maith le ceardlanna seachtracha. Is comhoibriú é an suíomh gréasáin www.juniorcycle.ie idir an CNCM agus SSM agus beidh sé mar dhlúthchuid de na struchtúir thacaíochta, ar a mbeidh eolas agus ábhair a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le feidhmiú na Sraithe Sóisearaí athleasaithe i scoileanna."

3.10.8 Staitisticí foriomlána ar aonaid FGL a soláthraíodh*

Clár	Aonaid FGL a soláthraíodh i 2013 FGL *
NBSS	4,393
PDST	64,875
PMDT	11,765
SPHE	3,670
CPG	546
RSE	591
Treoir	623
Ionduchtú/Droichead	30,887
Sraith Shóisearach	1,401
Cúrsaí Samhraidh	30,278
SESS	18,691
Iomlán	**167,720**

*****Is é atá i gceist le haonaid FGL a soláthraíodh, líon na n-idirghníomhaíochtaí a bhíonn ag seirbhís tacaíochta do mhúinteoirí le múinteoirí. Síneann na hidighníomhaíochtaí seo ó sheisiún dhá uair an chloig ar shaincheist áirithe nó i gcás imeachtaí coláistebhunaithe cúrsa iomlán bliana iarchéime. Níor cláraíodh líon iarbhír na múinteoirí sna figiúirí seo.

3.11 Téarmaí Fostaíochta do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

Sa bhliain 2013, rialaigh an Roinn téarmaí agus coinníollacha fostaíochta múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i scoileanna aitheanta, d'fhorbair polasaí sa réimse agus rinne monatóireacht ar chomhlíonadh le húsáid éifeachtach acmhainní daonna ar fud earnáil na mbunscoileanna agus na meánscoileanna, a chur chun cinn. Chuamar i ngleic fosta leis an ngá atá le feidhmiú éifeachtach nósanna imeachta chun plé le cásanna tearcfheidhmíocht thromchúiseach múinteoirí trí riar próisis achomhairc smachta.

3.11.1 Achtachán Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001-2013

I 2013, thacaigh an Roinn go gníomhach le ról na Comhairle Múinteoireachta i rialú ghairm na múinteoireachta trí fheidhmiú Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 a thabhairt níos faide

chun cinn. I rith na bliana, d'oibrigh an Roinn le foireann ETB, leis an gComhairle Mhúinteoireachta, le forais ionadaíochta bainisteoirí scoile agus le múinteoirí le hullmhú i gcomhair thosach feidhme Rannóg 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2014. D'oibríomar fosta le hoifig an Ard-Aighne in ullmhú na nOrduithe um Rialú agus um Thosach Feidhme. Soláthraíonn Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta go gcaithfidh múinteoirí i scoileanna aitheanta clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta le go n-íocfaí iad as cistí poiblí. Is forbairt thábhachtach é seo i stair an oideachais in Éirinn nó ceadaíonn sé lánrialú ghairm na múinteoireachta. Cuideoidh a leithéid de rialú chun an t-oideachas is fearr agus is féidir a sholáthar dár bpáistí, agus tacóidh sé le stádas ghairm na múinteoireachta trí rialú cothrom trédhearcach.

3.11.2 Párolla múinteoirí

Tá an Roinn freagrach as íoc tuarastal agus pinsean leis an bhfoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta atá nó a bhí fostaithe i mbunscoileanna, meánscoileanna, pobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

I 2013, d'íoc an Roinn ar bhonn coicíse 95,500 den fhoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta, iad sin a bhí ar seirbhís agus iad sin a bhí ar scor, thar ceann údaráis bhainistíochta scoileanna. Bhí 2.4 milliún idirbheart i gceist. Íoctar gach ball foirne ar an bpárolla trí ríomhaistriú leictreonach.

3.11.3 Athbhreithniú ar Liúntais agus ar Íocaíochtaí Préimhe

De réir an athbhreithnithe a rinneadh sa tseirbhís phoiblí ar fad ar liúntais agus íocaíochtaí préimhe, cuireadh deireadh le liúntais cháilíochta agus le híocaíochtaí préimhe áirithe eile. Chuir an Roinn le feidhmiú an athbhreithnithe ar an tseirbhís phoiblí ar fad mar a bhain sé le múinteoirí trí fhoilsiú Chiorclán 0008/2013 agus le feidhmiú na n-athruithe liúntais.

3.11.4 Athruithe Beartais ar Shocruithe Áirithe Saoire do Mhúinteoirí agus CRSanna

D'fheidhmigh an Roinn freisin athruithe suntasacha beartais maidir le saoire mháithreachais agus uchtaithe in ionad do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta agus rinne beart maidir le hatreorúcháin faoi shaoire bhreoiteachta a chomhchuibhiú leo sin a bhaineann leis an státseirbhís. Is gá d'fhostóirí anois múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde i ndiaidh ceithre seachtaine de shaoire bhreoiteachta.

3.12 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

I rith 2013, thug NEPS faoi athbhreithniú ar a shamhail seirbhíse do scoileanna agus faoi scrúdú orthu seo a bhaineann lena saothar: próisis, cáipéisíocht, treoirlínte agus meicníochtaí seachadta seirbhíse.

Athraíodh chomh maith an chaoi ina soláthraítear an tseirbhís do scoileanna agus sannadh baill foirne de chuid NEPS do gach bunscoil agus meánscoil agus cuireadh soláthar na Scéime um Choimisiúnú Measúnachtaí Síceolaíochta (SCPA) leis nuair a bhí gá leis. Bhíothar i ndiaidh na seirbhísí measúnachta síceolaíochta roimhe sin a mhéadú do scoileanna trí shannadh síceolaí de chuid NEPS nó trí rochtain ar SCPA. Ceadaíonn an socrú nua seo seirbhís níos aonchineálaí do scoileanna príomhshrutha i gcoitinne. I 2013/14 bhí síceolaithe NEPS ar fáil do 98% de na scoileanna nó do 95.5% de na daltaí.

I rith na bliana acadúla idir 2012/13, bhí síceolaithe NEPS páirteach i gcásobair lena n-áirítear measúnú agus idirghabháil a bhain le breis agus 8,480 dalta ainmnithe agus sholáthair comhairle do mhúinteoirí maidir le hidirghabhálacha do bheagnach 25,000 dalta neamhainmnithe eile. Chomh maith leis sin, maoiníodh 2,040 measúnacht faoi SCPA i 2013.

Rinne síceolaithe de chuid NEPS moltaí faoi 5,045 dalta eile faoin scéim um Fhreastal Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE) thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus d'fhreastail ar 152 de theagmhais chriticiúla i scoileanna ar iarratas údaráis scoile.

In 2013, chuir NEPS tionscadal píolótach i gcrích i 40 scoil a bhain le 800 dalta rang 5 sa Chlár um Chairde lenár Saol, a dearadh le teacht aniar agus cumas mothúchánach sóisialta a chur chun cinn agus imní i measc daltaí a laghdú.

Scríobh agus d'fhoilsigh NEPS *Idirghabháil Éifeachtach do Dhaoine a bhfuil Deacrachtaí Léitheoireachta Acu,* ar treoirleabhar dea-chleachtais é le húsáid i scoileanna agus ar cuid é dá ndearna NEPS don Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

D'éascaigh NEPS seoladh *Folláine i Meánscoileanna: Treoirlínte ar an tSláinte Mheabhrach a Chur chun Cinn agus ar an bhFéinmharú a Chosc (2013)*, ar toradh é ar obair choiste idir-rannach. Tá síceolaithe de chuid NEPS ag comhoibriú le tacú lena fheidhmiú i scoileanna.

Cuspóir 2 – Deiseanna a sholáthar don uasoiliúint agus don athoiliúint a chomhlíonann riachtanais dhaoine aonaracha agus mhargadh an tsaothair

4.1 Breisoideachas agus Oiliúint

I 2013, lean an Roinn orthu de bheith ag comhordú, ag maoiniú agus ag monatóiriú fhorbairt chláir bhreisoideachais agus bhreisioiliúna (FET) do dhaoine óga agus fásta araon lena chur ar a gcumas a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú agus leibhéal níos airde cáilíochta a ghnóthú ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Soláthraíonn an Breisoideachas agus an Oiliúint an dara deis do dhaoine imeallaithe nár bhain sochar as an soláthar príomhshrutha, lena n-áirítear daoine ag a bhfuil míchumais. Feicfear athrú ar ról na Roinne sa réimse seo thar am mar gheall ar an athleasú mór atá ar siúl san earnáil faoi láthair.

4.2 Mór-athleasú Earnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna 2013

Chonacthas mór-athleasú ar earnáil an bhreisoideachais agus na hoiliúna nuair a bunaíodh na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus SOLAS i 2013.

4.2.1 Bord Cláir BOO/SOLAS

Bunaíodh Bord Cláir BOO/SOLAS i mí na Bealtaine 2013 le feidhmiú an chláir iomláin athleasúcháin d'earnáil an BOO/SOLAS a cheadú agus le tacú leis go gníomhach. Is é Ard-Rúnaí na Roinne atá mar chathaoirleach ar an mBord Cláir agus áirítear ar an mballraíocht, baill d'fhoireann shinsearach na Roinne chomh maith le hArd-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, Príomhfheidhmeannach SOLAS agus Príomhfheidhmeannaigh ar dhá cheann de na BOOnna.

Cuidíonn Oifig Bhainistíochta Tionscadail (PMO) leis an mBord Cláir agus tugann tacaíocht le feidhmiú cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha chomh maith le cúrsaí láithreacha oibríochtúla a éiríonn as an gclár athraithe do na BOOnna agus do SOLAS. I rith 2013 d'aithin an PMO agus thug siad chun cinn cúig thosaíocht straitéiseacha don earnáil atá mar chuid den chlár bainistíochta athraithe seo – Rialú BOO/SOLAS, Daoine, Tionscadail Seirbhísí Roinnte, Cumarsáid agus Oibríochtaí.

4.2.2 Bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna

Ritheadh an tAcht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 i mBealtaine 2013. Soláthraíonn an tAcht díscaoileadh na VECana (Coistí Gairmoideachais) agus bunú 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna trí chumasc chuid de na 33 VECanna atá ann.

Ag éirí as tosú an Achta um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013, bunaíodh na 16 BOO ar an 1ú Iúil 2013. Ón uair a bunaíodh iad, bhí freagracht ar na BOOnna as seachadadh an bhunoideachais, an mheánoideachais agus an bhreisoideachais ar aon dul leis na VECanna a tháinig rompu. Tarlóidh aistriú fheidhmeanna oiliúna FÁS a bhí ann roimhe seo de réir a chéile.

4.2.3 An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna - SOLAS

Achtaíodh an tAcht um Bhreisoideachas agus Oiliúint ar an 10 Iúil 2013. Soláthraíonn an tAcht bunú SOLAS, díscaoileadh FÁS agus aistriú fhoireann agus shealús rannóg oiliúna FÁS chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna nuabhunaithe de réir a chéile.

Bunaíodh SOLAS ar an 27ú Deireadh Fómhair 2013 a ba chúis le díscaoileadh FÁS. Oibreoidh SOLAS leis na BOOnna le tacú le forbairt chláir chuí bhreisoideachais agus oiliúna agus curaclam agus le foinsiú idirghabhálacha breisoideachais agus oiliúna ó na hearnálacha príobháideacha, poiblí agus neamhbhrabúis.

Bhí ionaid oiliúna SOLAS agus an fhoireann ábhartha a bhí lonnaithe i gceantair thíreolaíocha BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, BOO Dhún Laoghaire, BOO Chorcaí agus BOO Chiarraí le haistriú faoi choimirce an BOO chuí le héifeacht ó 1 Eanáir 2014. Aistreofar an chuid eile d'ionaid oiliúna go dtí na BOOnna cuí roimh shamhradh 2014.

4.2.4 Straitéis agus Plean Seirbhíse don Bhreisoideachas agus Oiliúint

Éilítear orthu sa reachtaíocht a bhunaigh SOLAS straitéis cúig bliana don bhreisoideachas agus oiliúint agus pleananna bliantúla seirbhíse a ullmhú d' earnáil an bhreisoideachais agus na hoiliúna.

Thosaigh SOLAS ag forbairt na gcáipéisí seo i 2013 le lán-chomhoibriú agus rannpháirtíocht na mBord Oideachais agus Oiliúna BOO.

Soláthróidh an straitéis agus na pleananna bliantúla seirbhíse creat d'infheistiú corradh is €800 milliún i réimse leathan de chláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha bhreisoideachais agus oiliúna. Síneann na cláir seo uathu sin a dhearfar de réir fhórsaí mhargadh an tsaothair go dtí na cinn a dhearfar le scileanna sainiúla gairme a fhorbairt i gcroíréimsí geilleagair ina n-oibreofar isteach gné den socrúchán oibre go dtí cláir pháirtaimseartha phobail a dhíreoidh ar an fhorbairt phearsanta agus ar chomhtháthú sóisialta.

I 2013, bhain beagnach 300,000 foghlaimeoir sochar as na cláir seo a soláthraíodh nó a maoiníodh trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus Ionaid Oiliúna a bhíodh faoi chúram FÁS.

4.2.5 Athbhreithniú ar an gCóras Printíseachta in Éirinn

De réir thionscnamh an Phlean Ghnímh um Phoist, cuireadh athbhreithniú ar an gCóras Printíseachta in Éirinn i gcrích i 2013 lena fháil amach ar cheart samhail reatha na printíseachta a choinneáil, a athrú nó a athsholáthar, á gcur seo a leanas san áireamh: riachtanais foghlaimeoirí, fostóirí, an geilleagar agus an gá le héifeachtúlacht costais sa todhchaí.

Sa Tuairisc ar Athbhreithniú na bPrintíseachtaí, moltar méadú ar réimse na bprintíseachtaí faoina gclúdaítear 26 slí bheatha san am i láthair, agus mórán eile slite beatha a chur san áireamh lena n-áirítear slite beatha ina bhfuil líon suntasach ban fostaithe.

Cuireadh an tuairisc a d'ullmhaigh grúpa neamhspleách athbhreithnithe i láthair na Roinne i mí na Nollag 2013 agus scrúdóidh páirtithe leasmhara í lena fháil amach cad iad na chéad chéimeanna eile ba chóir a thógáil.

4.3 Scileanna Litearthachta agus Uimhearthachta Daoine Fásta

Léirigh na torthaí ar an gClár um Mheasúnú Idirnáisiúnta Inniúlachtaí Daoine Fásta (PIAAC), a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2013, feabhsú i mbunscileanna litearthachta in Éirinn ó foilsíodh torthaí an tSuirbhé Idirnáisiúnta ar Litearthacht Daoine Fásta (IALS) roimhe seo i 1997. Mar sin féin, scóráil rannpháirtithe Éireannacha faoin meán sa suirbhé san uimhearthacht agus ag meán an tsuirbhé i dtaca le cion na rannpháirtithe a scóráil ag na leibhéil ísle sa réiteach fadhbanna.

In 2013, d'fhoilsigh an Roinn tuairisc ar athbhreithniú ar an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh. Chuaigh an Tuairisc i ngleic le leibhéal agus nádúr an tsoláthair agus mhol roghanna níos déine, teagasc grúpaí, teagasc uimhearthachta, litearthacht teaghlaigh, agus roghanna cianfhoghlama agus foghlaim chumaisc. Tá moltaí ann fosta ina dtugtar faoi réimsí amhail measúnú foghlaimeoirí, infhaighteacht roghanna creidiúnaithe, aithint foghlaimeoirí lena n-áirítear daoine dífhostaithe, comhtháthú litearthachta i gcláir eile agus oiliúint foirne. Thosaigh an Roinn ar dhul i ngleic leis na moltaí sa Tuairisc le hathbhreithniú Treoirlínte Oibriúcháin Litearthacht Daoine Fásta a

athscaipeadh ar sholáthróirí roimh dheireadh na bliana. Leanfar dá bhfeidhmiú tríd an Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna atá á forbairt ag SOLAS.

In 2013, soláthraíodh beagnach €30 milliún don tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh agus soláthraíodh €2.9 milliún eile ón gCiste Náisiúnta Oiliúna don Chlár Scileanna Oibre a bhfuil sé d'aidhm aige scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú.

4.4 Plean Gnímh um Phoist agus Conairí chun Oibre

4.4.1 Scileanna Plus

Mar chuid den Phlean Gnímh um Phoist agus Conairí chun Oibre, leantar sa Roinn de bheith ag forbairt oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin le tacú le daoine dífhostaithe filleadh ar an obair trí dheiseanna athoiliúna atá bainteach lena riachtanais.

Is cur chuige nua comhordaithe é an branda 'Scileanna Plus' a seoladh i 2013 agus a d'fhorbair roinnt Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha do láithriú réimse cláir spriocdhírithe oideachais agus oiliúna fiontardhírithe atá ar fáil do chuardaitheoirí poist.

Tá siad seo a leanas san áireamh le Scileanna Plus: cúrsaí tiontaithe TFC, *Springboar*d, *Momentum*, tionscnaimh a bhaineann le cláir tiontaithe TFC agus Cuardaitheoirí *Skillsnet*. Tá *JobBridge* agus *JobsPlus* le cur san áireamh i mbranda na Scileanna Plus.

4.4.2 Springboard

Soláthraíonn clár *Springboard* áiteanna páirtaimseartha ardoideachais do dhaoine dífhostaithe i réimsí riachtanais sainaitheanta scileanna. I rith 2013, tacaíodh le 5,200 rannpháirtí ar chúrsaí *Springboard*. Caitheadh €19.4m san iomlán ar *Springboard* i 2013.

Foilsíodh tuairisc mheastóireachta dara céim ar *Springboard* i mí Feabhra 2013. Léiríodh inti go raibh 30% de rannpháirtithe *Springboard* ar ais ag obair taobh istigh de 6 seachtaine ó chur i gcrích chúrsa de chuid *Springboard* agus go raibh 40% ar ais ag obair taobh istigh de 6 mhí ón gcur i gcrích.

4.4.3 Clár Tiontaithe Iarchéime Scileanna TFC

Forbraíodh an Plean Gnímh TFC, a foilsíodh i mí Eanáir 2012 mar fhreagairt dhíreach ar riachtanais shonracha maidir le scileanna TFC. Eochairbheart sa Phlean a bhí i bhfeidhmiú céimneach láithreach chláir tiontaithe scileanna TFC leibhéal 8. Tosaíodh ar an dara céim de na cláir tiontaithe scileanna TFC i 2013 agus ghlac 887 duine páirt sna cláir. €3.5m an caiteachas iomlán ar an gClár Scileanna TFC.

Tá an obair leis na heochairspriocanna i bplean TFC 2012/Athleasú Suaiteach chun tosaigh ar an sceideal. Meastar go ndéanfar ionchur na gcéimithe TFC ag leibhéal 8 a dhúbailt faoi 2015 in áit 2018, agus tá feidhmiú athleasúcháin thábhachtacha ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal, chomh maith le dáileadh pointí bónais don mhatamaitic, ag tógáil ar cháilíocht agus ar chumas sa mhatamaitic i measc na mac léinn ar dhul isteach sa tríú leibhéal dóibh.

4.4.4 MOMENTUM

D'fheidhmigh an Roinn go céimneach, scéim idirghabhálacha oideachais agus oiliúna, *MOMENTUM* ar cuid é den tionscnamh Plean Gnímh do Phoist de chuid na Roinne. Tacaíonn *MOMENTUM* le soláthar tionscadail oideachais agus oiliúna saor in aisce lena chur ar chumas 6,500

cuardaitheoir poist fadtéarmacha scileanna a thógáil agus deiseanna oibre a rochtain in earnálacha fáis aitheanta.

4.4.5 Conairí chun Oibre

Ionas go gcomhlánófar an Plean Gnímh do Phoist, sheol an Rialtas chomh maith Tionscnamh Conairí chun Oibre, a sholáthraíonn cur chuige spriocdhírithe le cuidiú le daoine aonaracha dífhostaithe agus le tacú leo, go háirithe iad sin atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine óga, chun go bhfanfaidh siad cóngarach do mhargadh an tsaothair. Cinnteoidh an cur chuige maidir le Conairí chun Oibre teagmháil rialta agus leanúnach leo sin atá dífhostaithe le deiseanna oibre, oideachais agus oiliúna a sholáthar.

I 2013 gheall an Roinn beagnach 51,000 áit do rannpháirtithe atá dífhostaithe go fadtéarmach ar fud an tsoláthair bhreisoideachais, ardoideachais agus oiliúna. Ba í an rannpháirtíocht mheasta i measc rannpháirtithe atá dífhostaithe go fadtéarmach i 2013 ná 59,530 nó 27% den mhuintir iomlán a thosaigh amach. Seasann sé seo ar son 115% de sprioc 2013. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurbh í an rannpháirtíocht ar chúrsaí páirtaimseartha a bhí níos airde ná mar a síleadh a bheadh, a thiomáin seo, den chuid is mó.

4.5 Fóram Teagmhála le Fiontraíocht

Is fada fostóirí páirteach i struchtúir náisiúnta amhail riachtanais scileanna a scrúdú, cáilíochtaí a fhorbairt agus an clár printíseachta a bhainistiú. Ar na mallaibh, bhí an Roinn ag plé saincheisteanna agus deiseanna le fostóirí trínár bhFóram Teagmhála le Fiontraíocht. Ghlac fostóirí eochair-ról in athleasú na printíseachta agus tá siad ag cur le forbairt na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna.

4.6 Plean Feidhmithe Ráthaíochta don Óige

Tá oifigigh ón Roinn i ndiaidh bheith dlúthbhainteach le forbairt an Dréachtphlean Ráthaíochta don Óige trí obair coiste idir-rannach. Is é atá i gceist sa phlean cur chuige céimneach i dtreo ráthaíocht a thabhairt ar thairiscint ardcháilíochta ar fhostaíocht nó oiliúint taobh istigh de cheithre mhí ón uair a dhéantar duine 15-24 bliain d'aois dífhostaithe.

Is é an nasc a bhaineann leis an gcur chuige an teagmháil a bheidh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le daoine óga trína n-oifigí Intreo. Tacóidh an córas oideachais agus oiliúna leis an bPlean trí dheiseanna oiliúna, oideachais agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeáin i gcláir oideachais agus oiliúna i gcomhar le hidirghabháil SOLAS agus na BOOnna le hoifigí Intreo.

4.7 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD)

Is é atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) meicníocht chistithe chómhaoinithe a seoladh i 2007 le cabhrú le Baillstáit AE pacáiste phearsantaithe de sheirbhísí athoiliúna agus uasoiliúna a sholáthar d'oibrithe a ndearnadh iomarcach iad mar gheall ar iarmhairtí an domhandaithe agus patrúin aistreacha sa trádáil dhomhanda. Bhí buiséad suas le €500 milliún sa bhliain don tréimhse 2007-2013 ag an gCiste. Ní mhaoiníonn an CECD ach idirghabhálacha gníomhacha i margadh an tsaothair agus ní sholáthraíonn tacaíocht ach i gcásanna eisceachtúla san áit ar tharla níos mó ná 500+ iomarcaíocht taobh istigh d'achar ama sainmhínithe.

Soláthraíonn Clár CECD Talk Talk réimse d'idirghabhálacha gníomhacha i margadh an tsaothair thar thréimhse Meán Fómhair 2011 go Feabhra 2014 do 585 oibrí a ndeachaigh iomarcaíochtaí ag saoráid Talk Talk i bPort Láirge i bhfeidhm orthu. I measc na n-idirghabhálacha atá á seachadadh d'oibrithe iomarcacha faoi Chlár CECD Talk Talk tá: treoir agus pleanáil slí bheatha; cúrsaí oiliúna, cláir bhreisoideachais agus ardoideachais, intéirneachtaí agus tacaíochtaí fiontraíochta.

Faoi dheireadh mhí na Samhna 2013, soláthraíodh 2,005 idirghabháil ar leith do 414 (70.8%) de na hoibrithe iomarcacha incháilithe faoi chláir CECD Talk Talk. Bhí 15.6% rannpháirteach go gníomhach i gclár oiliúna nó oideachais. Idir mí Feabhra 2013 agus deireadh mhí na Samhna 2013, mhéadaigh an céatadán a raibh stádas fostaíochta acu ó 27.7% go 49.4%.

I rith na bliana, dheimhnigh an Roinn éilimh faoi CECD Talk Talk le comhlíonadh rialúcháin AE a dhearbhú.

Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle na hEorpa, bhí ionchur suntasach ag Údarás Bainistíochta CECD i gcinntiú cur chuige ar fud na Comhairle ar chomhráití loicthe faoi Rialúchán an CECD i Meitheamh 2013. Sa deireadh ba é an toradh a bhí ar an dul chun cinn seo ná faomhadh rialúchán nua agus leanúnachas maidir leis an gciste €1 billiún don tréimhse 2014-2020.

4.8 Ciste Sóisialta na hEorpa

Chuidigh an Roinn le héileamh €24.1 milliún d'airgead Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) ón gCoimisiún Eorpach i rith 2013. Tá airgead seo an CSE ag cómhaoiniú chostas ghníomhaíochtaí incháilithe CSE i Ranna éagsúla Rialtais. Is é atá i ngníomhaíochtaí CSE, den chuid is mó, infheistíochtaí i gcaipiteal daonna trí chláir oideachais agus oiliúna.

Is é iomlán an chuidithe ó CSE atá le héileamh do chúig bheart na Roinne i rith thréimhse an chláir ó 2007 go 2013 ná tuairim ar €156.8 milliún.

I rith na bliana, leagadh isteach éilimh ar tharraingt anuas cúnamh airgid ó CSE chuig Údarás Bainistíochta CSE faoi na spriocdhátaí cuí. D'éascaigh an Roinn fosta cuairteanna agus iniúchtaí de chuid Chomisiún an AE agus Údarás Bainistíochta CSE agus rinne obair ar shaincheisteanna a tógadh ag na hiniúchtaí.

San áit ar éilíodh airgead do ghníomhaíochtaí scileanna fochéime, sholáthair institiúidí tríú leibhéal na gníomhaíochtaí seo trí mhéadú ar líon na mac léinn cláraithe ar chúrsaí i ndisciplíní TFC, na hinnealtóireachta agus na heolaíochta chun dul i ngleic leis an nganntanas céimithe oilte a d'aithin an Gasra Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus a aithníodh i dtuarascálacha eile.

San áit ar éilíodh airgead do chláir bhreisoideachais agus oiliúna, rinneadh iad seo a sheachadadh trí sholáthróirí breisoideachais agus oiliúna. Is é is aidhm do na cláir seo forbairt Chláir Oibriúcháin Réigiúnacha BMW agus S&E.

4.9 Polasaí Comhtháite an AE

Tá sé d'aidhm ag Polasaí Comhtháite 2014-2020 an AE dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíochta reatha agus an dúshlán a bhaineann le polasaí comhtháthaithe. Is iad Straitéis 2020 an AE agus Buiséad an AE a threoraíonn an treo straitéiseach do pholasaí sa todhchaí. Tacaíonn Éire le spriocanna Straitéis 2020 an AE. Bunuirlis is ea Polasaí Comhtháthaithe an AE i mbaint amach na spriocanna seo. Caithfear idirghabhálacha a dhíriú ar chruthú fostaíochta, taighde agus nuálaíocht, oideachas, tabhairt faoin mbochtanas agus athrú aeráide agus fuinneamh. Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle na hEorpa sa chéad leath de 2013, bhí ról suntasach ag an Roinn i bhforbairt phacáiste na Rialúchán um Pholasaí Comhtháthaithe 2014-2020 agus go sonrach i réimse Rialúchán Chiste Sóisialta na hEorpa. Baineadh é seo amach, den chuid is mó, trí sheasamh Chomhairle na hEorpa a láithriú agus a chosaint i rith comhráití tríológacha idir an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach. Cuireadh bailchríoch ar agus foilsíodh pacáiste na Rialúchán um Pholasaí Comhtháthaithe go mall i 2013.

Cuspóir 3 – Deiseanna foghlama, taighde agus nuálaíochta ardcháilíochta a sholáthar in earnáil an ardoideachais

Tá ról tábhachtach ag an Ardoideachas i dtacú le deiseanna pearsanta, agus le forbairt shóisialta, shibhialta agus chultúrtha. Aithnítear freisin gur gné thábhachtach atá ann dár n-infreastruchtúr náisiúnta le tacú le forbairt na fiontraíochta, le nuálaíocht agus le fás geilleagrach. Sa chomhthéacs sin, is tosaíocht de chuid na Roinne é tacú leo seo: teagasc agus foghlaim ardcháilíochta, taighde agus nuálaíocht san ardoideachas, feabhsú acmhainn na hearnála le freagairt do riachtanais foghlaimeoirí atá ag athrú, an geilleagar agus an tsochaí. Tá sé d'aidhm ag an Roinn rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, trí sholáthar deiseanna solúbtha foghlama. Is iad na cuspóirí fadtéarmacha atá againn, leibhéil fhoriomlána na gnóthachtála san oideachas i measc an fhórsa oibre a mhéadú agus rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas a mhéadú.

5.1 An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030

Seoladh an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030 i 2011 agus is é a cuspóir foriomlán cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe a thabhairt isteach maidir le forbairt earnáil an ardoideachais. Leanadh den fhorbairt le linn 2013 agus moltaí na Straitéise á gcur i bhfeidhm. Foilsíodh tuarascálacha mionsonraithe dul chun cinn ar chur i bhfeidhm mholtaí na straitéise ar shuíomh gréasáin na Roinne i rith na bliana.

I mí na Bealtaine 2013, d'fhógair an tAire atheagrú mór ar chóras an ardoideachais lena n-áirítear iad seo: daingniú earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta agus coláistí oideachais, an acmhainn le hinstitiúidí teicneolaíochta a chumasc le hiarratas a chur isteach le bheith ina n-ollscoileanna teicneolaíochta agus cruthú cnuasghrúpaí de sholáthróirí ardoideachais.

5.2 Creat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2014-2016

I mí Iúil, foilsíodh Creat Feidhmíochta nua an Chórais Ardoideachais. Leagann an Creat seo amach tosaíochtaí náisiúnta an Rialtais, bunchuspóirí córais agus buntáscairí feidhmíochta don tréimhse 2014-16. Tá próiseas nua comhphlé straitéiseach le comhaontuithe feidhmíochta a shocrú, i gcomhar le maoiniú feidhmíochta le gach ceann de na hinstitiúidí ardoideachais á fheidhmiú go céimneach ag an ÚAO mar chuid den Chreat foriomlán.

5.3 Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn

Tugadh faoi scéim phíolótach iomlán náisiúnta ar shuirbhé i measc na mac léinn i ngach ollscoil, institiúid teicneolaíochta agus sna cúig choláiste ollscoile i Márta/Aibreán 2013. Ba é an chéad suirbhé náisiúnta é ar rannpháirtíocht mac léinn agus an chéad suirbhé dá shórt san Eoraip. Foilsíodh tuarascáil ar an suirbhé píolótach i mí na Nollag 2013.

5.4 Grúpa Stiúrtha um Athleasú Trasdulta

I 2013, thug an Roinn le chéile na croípháirtithe oideachais le dul i ngleic le roinnt de na saincheisteanna a aithníodh maidir le trasdul lucht fágála na scoile agus iad ag dul isteach sa chéad bhliain mar fochéimithe. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Athleasú Trasdulta, faoi chathaoirleacht na Roinne agus le ballraíocht ardoideachais ó ghníomhaireachtaí tábhachtacha de chuid an 2ú agus an 3ú leibhéal chomh maith le hearnáil na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta. Cuirtear síos ar na réimsí a ndeachaigh an Grúpa i ngleic leo, an dul chun cinn go dtí seo agus an obair atá le déanamh amach anseo, i bpáipéar a foilsíodh i rith 2013 dar teideal *Tacú le Trasdul Níos Fearr ón Dara Leibhéal chuig an Ardoideachas- Eochairthreoracha agus na Chéad Chéimeanna eile.*

5.5 Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas

Lean an Roinn ag soláthar tacaíocht spriocdhírithe le leibhéil níos mó rannpháirtíochta san oideachas a chinntiú i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht i 2013. Is é an t-ardchuspóir tacú le mic léinn faoi mhíchumas, le mic léinn aibí agus leo sin ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch deiseanna a thapú le dul ar aghaidh chuig an ardoideachas.

Tá dhá fhothosaíocht ag an mBeartas um Rochtain ar an Tríú Leibhéal, atá á bhainistiú thar ceann na Roinne ag an Údarás um Ard-Oideachas: An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus An Ciste do Mhic Léinn Faoi Mhíchumas.

Is iad na hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha a dhéanann an Ciste Cuúnaimh do Mhic Léinn a riar ar bhonn áitiúil agus díríonn ar na mic léinn is mó riachtanas. Soláthraíonn sé acmhainní breise d'institiúidí le tacú le mic léinn lánaimseartha a dtagann cruatan orthu.

Soláthraíonn an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas maoiniú d'institiúidí breisoideachais agus ardoideachais i gcomhair soláthar seirbhísí agus tacaíonn le mic léinn faoi mhíchumas céadfach, fisiceach agus/nó cumarsáideach. Tá d'aidhm ag an gCiste tacú le mic léinn bheith lán-rannpháirteach ina gcláir acadúla agus lena chinntiú nach bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an míchumas.

5.5.1 Rátaí Méadaithe Rannpháirtíochta i measc Grúpaí atá faoi Ghannionadaíocht

Tá Plean Rochtana Náisiúnta na hÉireann do 2008-2013 i ndiaidh teacht i gcrích. Bhí roinnt spriocanna i gceist sa Phlean le rannpháirtíocht grúpaí faoi gannionadaíocht san ardoideachas a mhéadú.

Léiríonn an t-athbhreithniú deiridh ar phlean 2008-2013 gur sáraíodh sprioc 61% don rannpháirtíocht fhoriomlán san ardoideachas faoi 2013 agus gur baineadh amach ráta rannpháirtíochta 70%. Áirítear san fhigiúr seo iad sin a d'fhág an scoil le déanaí agus iad sin a d'fhill ar scoil mar mhic léinn aibí.

Ó 2009 i leith, bhí fócas comhbheartaithe polasaí ar mhéadú líon na n-áiteanna páirtaimseartha san ardoideachas. Is féidir an rath a bhí ar an bpolasaí seo a fheiceáil sa mhéadú a tháinig ar rátaí rannpháirtíochta páirtaimseartha a d'fhás ó 7% go 16% de na fochéimithe faoi 2012-13.

Bhí rath nach beag fosta ar mhéadú leibhéil rannpháirtíochta na mac léinn faoi mhíchumas san ardoideachas, mar a léirigh an líon acu ar tacaíodh leo tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Mar shampla, anois tá dhá oiread an líon mac léinn lagamhairc nó míchumais fhiscigh san ardoideachas ná mar a bhí ag tús an phlean dheireanaigh agus tá níos mó ná trí oiread an líon mac léinn faoi mhíchumas fisiceach, céadfach nó faoi ilchumais cónasctha.

Ta bailchríoch le cur ar phlean nua náisiúnta rochtana a thiocfaidh in éifeacht i 2014 agus áireofar ann spriocanna le tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo ar rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas.

5.6 Deontais Mic Léinn

Soláthraíonn an Roinn maoiniú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath le go riarfaidh Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). In 2013, shínigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Roinn Comhaontú um Chreat Bainistíochta, agus is é seo anois an bunús atá le hoibríocht agus maoirseacht reatha an chórais. Áirítear sa Chomhaontú um Chreat Bainistíochta méadraigh agus spriocanna feidhmíochta a chuireann taca faoi mhonatóireacht agus faoi luacháil ar an gcóras.

5.6.1 Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éire (SUSI)

Tugadh faoi athbhreithniú seachtrach ar phróisis ghnó SUSI le heolas a thabhairt faoi fheabhsúcháin sa chóras don bhliain acadúil 2013/14. Chuir SUSI mórán de mholtaí an athbhreithnithe i bhfeidhm i 2013, lena n-áirítear feabhsúcháin shuntasacha ar a chórais agus a nósanna imeachta leis an iarratas ar dheontas, an phróiseáil agus na próisis íocaíochta a shruthlíniú. Bhí socruithe roinnte eolais a cuireadh i bhfeidhm le ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais lárnach i measc na n-athruithe seo le méid na cáipéisíochta a iarrtar ar iarratasóirí a laghdú.

Chuir SUSI naisc roinnte sonraí i bhfeidhm i 2013 le forais agus gníomhaireachtaí Rialtais amhail na Coimisinéirí Ioncaim, An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Phríomh-Oifig Chlárúcháin agus An Lár-Oifig Iontrála. Ba iad na torthaí a bhí ar na hathruithe seo agus ar athruithe eile a rinne SUSI ná próiseáil iarratais ar dheontas agus íocaíocht deontais bronnta níos tapúla agus eispéireas i bhfad níos fearr d'iarratasóirí sa dara bliain dá oibriú.

5.6.2 An Bord um Achomhairc Deontais Mic Léinn

In 2013, chruinnigh An Bord um Achomhairc Deontais Mhic Léinn 32 uair. Tháinig SUSI faoi shainchúram Oifig an Ombudsman ar an 1 Bealtaine 2013. Tá sé de chead ag an Ombudsman gearáin a fhiosrú maidir le gníomhuithe riaracháin SUSI.

5.7 Scoláireachtaí na hInstitiúide Ollscoile Eorpaí

Institiúid taighde í an Institiúid Ollscoile Eorpach (EUI), a bhunaigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tá sí lonnaithe i bhFlórans. Maoiníonn an Roinn scoláireachtaí iarchéime do roinnt mac léinn as Éirinn san EUI gach bliain. Ghlac Éire uachtaránacht ar an Ard-Chomhairle, bord rialaithe EUI i, Márta 2013 agus cuirfear i gcrích a téarma bliana i Márta 2014.

5.8 Caiteachas ar Thionsnaimh maidir le Cothromas Rochtana ar an Ard-Oideachas i 2013

Bhí an caiteachas ar chothromas rochtana ar an ardoideachas i 2013 mar seo a leanas:

Scéimeanna	Líon tairbhithe (bliain acadúil 2012/13)	Caitheachas i mBliain Airgeadais 2013
Scéimeanna um Dheontais Mic Léinn	79,251	€336,888,554.22
Scéimeanna Rochtana ar an Tríú Leibhéal	24,597	€16,200,000.00
Scoláireachtaí/Sparántachtaí	373	€1,943,214.65

I 2013, ba é €3,025 an meánrata uasta deontas cothabhála. Fuair na mic léinn sin a cháiligh don ráta speisialta deontais uasmhéid de €5,915.

Ciste	Líon na mac léinn a bhain tairbhe as an gCiste sa bhliain acadúil 2012/13
An Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas	7,920
An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn	16,476
Scoláireachtaí/Sparántachtaí	241 (scoláireacht), 114 (sparántacht)

5.9 Polasaí Maoinithe agus Taighde san Ard-Oideachais

Leithdháileann an Roinn maoiniú atréimhseach ar an Údaras um Ard-Oideachas (ÚAO) i gcomhair íocaíocht amach díreach chuig na hOllscoileanna, na hInstitiúidí Teicneolaíochta (IT) agus coláistí ainmnithe. Maoiníonn an Roinn go díreach líon beag insititiúidí ardoideachais fosta.

Bhí beagnach €1.036 billiún i gceist leis an maoiniú atréimhseach d'ollscoileanna, ITanna agus institiúidí eile a d'ainmnigh an ÚAO i 2013. Áirítear sa mhaoiniú seo an deontas in ionad an chostais a bhaineann le táillí teagaisc fochéime a raibh €326.3 million san iomlán i gceist leo san earnáil ar fad sa bhliain acadúil 2012/13 agus a chumhdaigh 129,000 mac léinn lánaimseartha.

Soláthraíonn an Roinn fosta tacaíocht d'fhorbairt na n-inniúlachtaí taighde ar fud réimse leathan disciplíní in institiúidí tríú leibhéal trí mhaoiniú caipiteal daonna – mic léinn PhD agus taighdeoirí luathchéime iardhoctúireachta - ó Chomhairle Taighde na hÉireann. Maoiníonn an soláthar fosta tacaíocht ríomh-bhonneagair don chóras taighde. Soláthraíodh beagnach €38 milliún i 2013.

I rith na bliana lean an ÚAO de staidéar maidir leis an bpolasaí maoinithe don ardoideachas sa todhchaí. Is é an tAire a d'iarr go ndéanfaí an staidéar seo ar dtús agus táthar i ndiaidh tuarascáil tosaigh a fhoilsiú. Tá gá leis an staidéar seo le cur chuige níos fadtéarmaí don chóras a ullmhú is féidir a choinneáil trí bhonn inbhuanaithe maoinithe a bheidh in ann dul i ngleic le méadú leanúnach na hearnála agus cáilíocht an oideachais a chosaint san am céanna. Cuideoidh an tuarascáil deiridh nuair a fhoilseofar í, leis an gcinnteoireacht maidir le maoiniú na hearnála feasta.

5.10 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (QQI) go déanach i 2012 mar ghníomhaireacht nua chomhtháite a rachadh ina n-ionad seo: Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, agus agus ghlac siad feidhmeanna Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Tá QQI freagrach as dearbhú seachtrach cáilíochta an bhreisoideachais, an ardoideachais agus na hoiliúna. Bailíochtaíonn an ghníomhaireacht cláir agus tugann dámhachtainí do sholáthróirí áirithe sna hearnálacha seo agus tá siad freagrach as cothabháil, forbairt agus athbhreithniú an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Riamh anall ó bunaíodh iad, tá QQI ag tabhairt chun cinn fhorbairt seirbhísí dearbhaithe caighdeáin a gcáilíochtaí. Chuaigh an Roinn i dteagmháil le QQI ar fhorbairt polasaithe, critéar agus seirbhísí sa chéad bhliain dóibh agus tá siad i ndiaidh dul i dteagmháil chomh maith leis an ngníomhaireacht faoi chomhaontú seirbhíse a thabhairt isteach idir iad féin agus an Roinn.

Is é €6,416,00 caiteachas QQI i 2013, agus bhí sábháil €1,000,000 i gceist leis.

Mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, bhí an Roinn i gceannas maidir le nuachóiriú Threoir 2005/36.

5.11 Athbhreithniú ar Straitéis na hÉireann don Oideachas Idirnáisiúnta

Mar chuid den Phlean Gnímh do Phoist 2013, tugadh gealltanas go ndéanfadh an Roinn athbhreithniú gearr, dírithe ar *Infheistiú i gCaidrimh Dhomhanda: Straitéis na hÉireann don Oideachas Idirnáisiúnta 2010-2015,* a foilsíodh i mí na Samhna 2010.

Chun cabhrú leis an athbhreithniú thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí, agus rinne teagmháil le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus fuarthas roinnt aighneachtaí ó roinnt páirtithe

leasmhara dá bharr sin. Is é an toradh a bheidh ar an athbhreithniú plean gnímh nua Rialtais do chur chun cinn an oideachais idirnáisiúnta in Éirinn.

5.12 Comhoibriú Thuaidh Theas

Comhordaíonn agus forbraíonn an Roinn comhoibriú agus comhghníomhú san oideachas idir an dá chuid d'oileán na hÉireann agus le hinstitiúidí ábhartha i SAM agus san AE, i gcomhthéacs *Chomhaontú Aoine an Chéasta*. Tugann an Roinn an comhoibriu seo chun tosaigh tríd an gComhairle Airí Thuaidh Theas (CATT) agus déanann comhordú agus forbairt, taobh istigh den chreat sin ar chomhpholasaithe i réimsí ainmnithe comhoibrithe.

In 2013, leanadh den teagmháil oifigiúil struchtúrtha ag leibhéal ard idir an Roinn agus An Roinn Oideachais (RO) agus An Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) i dTuaisceart Éireann.

Lean an Roinn agus RO orthu ag tacú le tionscnaimh uile-oileáin le litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn i 2013. Orthu sin bhí Seachtain na Matamaitice a tharla i mí Dheireadh Fómhair agus Clár Leabhair Pháistí Éireann a bhfuil d'aidhm aige cumarsáid a dhéanamh le déagóirí óga idir 12-15 bliana d'aois chun an léitheoireacht a chur chun cinn.

Leagtar amach sa tábla thíos an líon rannpháirtithe i scoileanna sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon agus i dtionscadail mhalartaithe oideachais óigebhunaithe a mhaoinigh an Roinn i 2013. Taispeántar sna figiúirí an líon iomlán scoileanna, grúpaí óige, múinteoirí, oiliúnóirí, mac léinn agus daoine óga as Éirinn agus Tuaisceart Éireann a bhí páirteach sna tionscadail ábhartha.

Rannpháirtithe	2013
An Líon Iomlán Scoileanna	1,788
An Líon Iomlán Grúpaí Óige	34
An Líon Iomlán Múinteoirí/Oiliúnóirí	2,368
An Líon Iomlán Mac Léinn	191,513
An Líon Iomlán Daoine Óga	8,251
An Líon Iomlán Institiúidí 3ú Leibhéal	57

Is é €938,191 an costas iomlán a bhain le tacú na Roinne do na gníomhaíochtaí seo i 2013.

5.13 Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013

Thóg An Coimisiún Eorpach orthu féin réimsí clár a thacaíonn le soghluaiseacht trasteorann, líonrú agus roinnt dea-chleachtais agus iad ag cloí lena ról le tacú agus cur le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Chomhtháthaigh An Coimisiún Eorpach a dtionscnaimh éagsúla oideachais agus oiliúna faoi scáthchlár amháin dar teideal *Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil 2007-2013.*

Agus buiséad dar suim beagnach €7 mbilliún ar fáil idir 2007 go 2013, chuir an clár seo ar chumas daoine aonair, ag gach céim ina saol, deiseanna foghlama ar fud na hEorpa a thapú. Bhí ceithre fhochlár i gceist leis: Erasmus, Comenius, Leonardo DaVinci agus Grundtvig chomh maith le cláir thrasnaí a chlúdaíonn téamaí idirearnálacha amhail TFC agus teangacha.

Idir 2007 agus 2013, fuair Éire os cionn €80 milliún ón gClár Foghlama ar feadh an tSaoil, a cheadaigh do 18,500 mac léinn tríú leibhéal in Éirinn agus don fhoireann teagaisc páirt a ghlacadh i malairtí oideachais Erasmus. Sholáthair maoiniú an AE freisin deiseanna do 2,400 oiliúnaí in Éirinn

tairbhe a bhaint as socrúcháin oibre san Eoraip, i gcomhair suas le 1,500 oibrí le huasoiliúint a fháil i rith socrúchán i gcomhlachtaí de chuid na hEorpa, i gcomhair 1,700 gairmí gairmoideachais agus oiliúna le dea-chleachtas a mhalartú agus thart ar 785 scoil agus 158 eagraíocht oideachais aosaigh le páirt a ghlacadh i bpáirtíochtaí éagsúla san Eoraip.

Chomh maith leo seo, tabharfar deis do thart ar 672 oideoir aosach agus gairmí sinsearach san oideachas coiteann agus sa ghairmoideachas agus san oiliúint bheith páirteach i gcláir Grundtvig agus i gcláir na gCuairteanna Staidéir, agus tabharfar deis do thar 1,125 múinteoir agus múinteoirí don todhchaí páirt a ghlacadh i gclár Comenius. Is é €13.83m an costas iomlán a dáileadh ar Éirinn faoin Tionscadal i 2013.

Sholáthair An Coimisiún Eorpach maoiniú do thairbhithe agus do lucht cur chun cinn tionscadal agus a gcomhpáirtithe faoin gClár. Is iad na gníomhaireachtaí náisiúnta sna ballstáit a riar an maoiniú. Is iad *Léargas* agus an tÚdarás um Ard-Oideachais na gníomhaireachtaí riaracháin in Éirinn. Is iad an Roinn agus an Roinn Sláinte agus Páistí na húdaráis náisiúnta nó na ráthóirí náisiúnta a mhaoirsíonn an riarachán a dhéanann na gníomhaireachtaí ar an gclár. Tá ionadaíocht ag an dá Roinn ar Bhord Stiúrthóirí *Léargas*. Is gníomhaireacht chliaint de chuid na Roinne é *Léargas* a phléann le ceapachán an bhoird agus le socruithe deontais agus tuairiscithe. Bhí idirphlé ag an Roinn le *Léargas* ar thionscnaimh éagsúla agus ar threoracha a tarraingíodh le chéile do ghníomhaireachtaí neamhthráchtála Stáit go ginearálta, chomh maith leis an gClár Foghlama ar feadh an tSaoil.

Maoiniú don Chlár Foghlama ar feadh an tSaoil	
Caiteachas ar Erasmus	€5,988,099.88
Caiteachas ar Comenius	€1,871,008
Caiteachas ar Leonardo da Vinci	€3,932,125
Caiteachas ar Grundtvig	€655,391
Caiteachas ar Chuairteanna Staidéir	€86,319
Maoiniú oibriúcháin do *Léargas*	€722,400
Maoiniú oibriúcháin don ÚAO	€180,000

5.14 Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar Lárionad Barr Feabhais san Oideachas agus Oiliúint

Seoladh *Scoláireachtaí Rialtas na hÉireann* agus d'aidhm acu scoth na mac léinn idirnáisiúnta ó mhargaí tosaíochta agus éiritheacha a mhealladh. Faoin scéim, déanfar táillí cláraithe agus fiacha a tharscaoileadh do bhuaiteoirí agus gheobhaidh siad freisin €10,000 le costais mhaireachtála a chumhdach ar feadh bliain staidéir in Éirinn.

Bhain an fhorbairt agus an cur chun cinn leanúnach ó thaobh bhranda *Oideachas in Éirinn* i margaí tosaíochta, lena n-áirítear SAM, An tSín, An India, An Bhrasaíl agus an Mhurascaill le gníomhaíochtaí inmhargaidh, gníomhú taighde, margaíocht líonbhunaithe agus forbairt gníomhaíochtaí spriocdhírithe ar na meáin shóisialta. Rinneadh cuairteanna Aireachta chuig tíortha tosaíochta lena n-áirítear an tSín, An Araib Shádach agus an Bhrasaíl.

Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí le naisc idirnáisiúnta oideachais agus teagmhálacha idir-rialtasacha a dhéanamh: rannpháirtíocht ag leibhéal an Ard-Rúnaí i gComhghrúpa Oibre ar Oideachas na hÉireann/na Síne, óstáil dhá chuairt déag isteach de thoscaireachtaí idirnáisúnta agus cur i gcrích comhaontuithe oideachais leis an tSeapáin agus leis an Chóiré.

5.15 Uachtaránacht na hÉireann ar an AE san Oideachas agus Oiliúint

D'fhorbair Uachtaránacht na hÉireann i 2013 polasaithe i réimsí éagsúla. Ar na gnóthachtálacha suntasacha i réimse an oideachais agus na hoiliúna bhí:

- Comhaontú polaitiúil idir an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach ar Erasmus+, clár nua an AE ar Oideachas, ar Oiliúint, ar Óige agus ar Spórt do 2014-2020 ar fiú thart ar €14.7 billiún é.

- Comhaontú polaitiúil idir Airí Oideachais ar dhá thacar de Chonclúidí Comhairle ag baint leo seo:

- Infheistiú in oideachas agus oiliúint mar fhreagra ar chumarsáid ón gCoimisiún Eorpach faoi athshamhlú an oideachais; agus

- Gné shóisialta an ardoideachais.

Bhí sceideal gnóthach cruinnithe agus imeachtaí san áireamh faoin Uachtaránacht ag leibhéil Airí, Ard-Stiúrthóirí agus oifigigh eile. Tharla na cruinnithe seo sa Bhruiséil agus i mBaile Átha Cliath. Reáchtáladh roinnt comhdhálacha agus imeachtaí ábhartha eile a thug aghaidh ar réimse saincheisteanna oideachais, ó oideachas agus cúram luath-óige, go breisoideachas agus oiliúint, sa chéad chuid de 2013 mar chuid den chlár Uachtaránachta.

Cuspóir 4 - Infreastruchtúr cuí a phleanáil agus a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama

Tá d'aidhm ag an Roinn infreastruchtúr cuí a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama sa dóigh go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht nua-aoiseach foghlama. Tá aird faoi leith ag an Roinn ar sholáthar cóiríochta le riar ar an éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil an rollachán ag méadú.

6.1 Riachtanais Chóiríochta Scoileanna a Chomhlíonadh

I 2013, caitheadh €361m san iomlán ar infreastruchtúr scoileanna. Ar na torthaí a bhí ar an infheistiú seo bhí siad seo: cuireadh 44 tionscadal mórscála i gcrích; 29 in earnáil na bunscolaíochta agus 15 in earnáil na hiarbhunscolaíochta. Soláthraíodh 7,840 áit bhuan scoile, ar áiteanna buana breise 5,684 acu i 18 mbunscoil nua agus soláthraíodh 2,352 áit bhuan bhreise in 11 bhunscoil atá ann anois.

Cuireadh i gcrích 7 scoil nua agus 8 dtionscadal mórscála nó athchóirithe in 2013 in earnáil na hiarbhunscolaíochta. Sholáthair na tionscadail seo 3,575 áit bhuan scoile ar áiteanna buana breise iad 2,835 acu chomh maith le soláthar saoráidí feabhsaithe do 5,840 dalta.

Is é 876 líon na dtionscadal ar scála níos lú a faomhadh le seachadadh i scoileanna agus, den chuid is mó, is é a bhí i gceist leo: An Scéim um Chóiríocht Bhreise, Ionadú Foirgneamh Réamhdhéanta agus faomhadh ag éirí as iarratais ar Oibreacha Éigeandála. Maidir leis na tionscadail ar scála níos lú, chruthaigh An Scéim um Chóiríocht Bhreise, An Tionscnamh um Ionadú Foirgneamh Réamhdhéanta 13,658 áit bhuan scoile san iomlán.

Sealbhaíodh 12 shuíomh i 2013. Éascóidh suíomhanna a sealbhaíodh i 2013 soláthar cóiríocht scoile do 12 bhunscoil agus 2 iarbhunscoil.

6.2 Modheolaíochtaí Ilchineálacha do Thógáil Mórthionscadal

Áirítear i bplean cúig bliana na Roinne modhanna malartacha le tionscadail a chur i gcrích agus orthu sin tá an chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach. Tá gníomhaireachtaí amhail Oifig na nOibreacha Poiblí, na Boird Oideachais agus Oiliúna agus An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, chomh maith le roinnt de na hÚdaráis Áitiúla, ag cuidiú le cur i gcrích 69 mórthionscadal scoile.

6.3 Tionscadail Chaipitil Tríú Leibhéal

Is é beagnach €69m an caiteachas iomlán ar thionscadail chaipitil san ardoideachas i 2013. Ar na tionscadail mhóra a bhain tairbhe as an maoiniú bhí an leabharlann ag OÉ Má Nuad; An Scoil Náisiúnta Scannánaíochta ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire; saotharlann eolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn; Scoil Dlí Sutherland sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; an tIonad Eolaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; An Foirgneamh um Chorpoideachas agus Eolaíocht an Spóirt in Ollscoil Luimnigh; agus an Scoil Leighis Iarchéime i Luimneach chomh maith.

Soláthraíodh tacaíocht airgeadais fosta do thosú oibreacha glanta suímh ag an suíomh i nGráinseach Ghormáin d'athlonnú beartaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

6.4 Córais Bhainistíochta ar Iniúchadh, ar Bhreithmheas agus ar Shócmhainní

Tá an Fardal Cóiríocht Scoile ar líne (IOS) á chomhlánú ag scoileanna agus Tairseach Esinet in úsáid mar chuid den ollchóiriú ar an lár-bhhunachar sonraí ar chóiríocht scoile. Tá 85% de na scoileanna i ndiaidh na sonraí fardail a chomhlánú go dtí seo.

Rinneadh fardal de gach acmhainn infreastruchtúr bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta chomh maith le hacmhainní bainteacha pobail ar bhonn píolótach i gcúig cheantar de chuid na tíre le linn 2012. Tá foireann tionsacadail ceaptha le forbairt na sonraí fardail sa chuid eile den tír a thabhairt chun cinn.

Tá réimse Creat i gcomhair ceapacháin chomhairliúcháin ar siúl i leith tionscadal atá níos mó, casta agus práinneach.

I 2013, rinne an Roinn breis agus 100 cigireacht ar scoileanna a fuair maoiniú déabhlóidithe agus a chomhlánaigh a dtionscadail faoi dheireadh 2012 lena fháil amach an raibh an obair a rinneadh ag cur le treoirlínte na Roinne.

6.5 Cur le Cumarsáid agus Comhordú le Páirtithe Leasmhara Seachtracha chun Próisis Tógála agus Pleanála a Fheabhsú

Mar a tagraíodh dó ag 6.2, tá socruithe déanta ag an Roinn le páirtithe seachtracha leasmhara maidir le héagsúlú soláthar tionscadal lena n-áirítear socruithe a chur sa siúl le BOOnna agus le dhá Chomhairle Contae. Is cabhair é freisin an Fardal Cóiríocht Scoile ar líne chun comhordú agus cumarsáid le gníomhaireachtaí seachtracha a fheabhsú.

6.5.1 Córas Iarratais Ar Líne Scéim na nOibreacha Samhraidh

Tugadh isteach i 2013 córas ar líne tínar féidir le scoileanna iarratais ar mhaoiniú a chur isteach faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh. Tháinig feabhsuithe suntasacha ar an bpróiseas iarratais go ginearálta mar gheall ar an gcóras iarratais ar líne agus cuireadh deireadh leis an ngá atá le hiarratais ar páipéar. Chuir scoileanna a úsáideann an áis seo breis agus 1,600 iarratas isteach.

6.5.2 Forbairt Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla

I 2013, tionóladh sraith cruinnithe le bainisteoirí sinsearacha in údaráis áitiúla le feidhmiú Meamram Tuisceana a thabhairt chun cinn. Rinne an Roinn teagmháil le roinnt údarás áitiúil a leagan amach riachtanais láithreán na Roinne agus d'iarr cúnamh orthu go foirmiúil. Tá oifigigh de chuid na Roinne ag comhoibriú le hoifigigh ar fud earnáil na n-údarás áitiúil le sealbhú láithreán i gceantair bhainteacha a thabhairt chun tosaigh. Táthar ag dúil gur mó an chinnteacht a bheidh ag an Roinn maidir le torthaí pleanála a bhaineann le láithreáin mar gheall ar na hidirghníomhuithe a eascróidh as feidhmiú an Mheamraim Thuisceana.

6.5.3 Foilsiú Eolas Tionscadail ar Shuíomh Gréasáin na Roinne

Foilsítear liostaí tionscadal atá faofa chun soláthair ar shuíomh gréasáin na Roinne ar bhonn míosúil. I gcás mórthionscadal, tugtar nuashonruithe ar dhul chun cinn chéimeanna éagsúla an tsoláthair. I gcás tionscadal beag déabhlóidithe, foilsítear eolas ar bhonn seachtainiúil agus liostaítear ainm na scoile, an cineál tionscadail agus dátaí faofa.

6.6 Éifeachtúlacht Fuinnimh i Scoileanna

Mar a tagraíodh dó ag 1.7 i Súil Siar ar an mBliain, bhain an Roinn na babhtaí ceannais amach i nGradaim Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe Éireann 2013, Catagóir Oidhreachta, ina léirítear agus a n-aithnítear oidhreacht daoine aonair agus eagraíochtaí ba chúis le cleachtais bainistíocht fuinnimh a athrú le 10 mbliana anuas.

4 Ár nÉifeachtúlacht agus Ár nÉifeachtacht a Fheabhsú

Tá an Roinn tiomanta do sholáthar seirbhís ardcháilíochta, éifeachtach dár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara uile. I 2013, leanamar de chinntiú gur thugamar luach ar airgead trí sholáthar seirbhísí éifeachtúla, éifeachtacha. Leagtar amach sa rannán seo den Tuarascáil na feabhsúcháin a d'fheidhmigh an Roinn i 2013 lena héifeachtúlacht agus a héifeachtacht a fhorbairt i gcomhthéacs na ngníomhartha agus na dtáscairí feidhmíochta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014.

7.1 Bunú Struchtúir Nua chun Tacú leis an gClár Athleasúcháin

I 2013, bhunaigh an Roinn struchtúir nua chun tacú le feidhmiú an chlár athleasúcháin atá ar siúl ar fud earnáil an oideachais agus na hoiliúna. Bunaíodh Oifig Chlár Athleasú Seirbhís Phoiblí agus earcaíodh Clárbhainisteoir agus Comhairleoir Seirbhísí Comhroinnte lánaimseartha. Bunaíodh an oifig chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhforbairt agus chun tacú le feidhmiú Phlean Seachadta Athleasú Comhtháite (IRDP) na Roinne a chur i bhfeidhm. Réitíodh plean comhsheirbhísí d'earnáil an oideachais agus na hoiliúna i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus socraíodh plean seachadta seirbhísí seachtracha. Ba é an Oifig Chlár Athleasú Seirbhís Phoiblí freisin a bhí i gceannas ar chomhordú an Chlár Athleasú Soláthair d'earnáil an oideachais agus na hoiliúna lena n-áirítear moltaí a fhorbairt ar bhunú Aonad Soláthair Scoileanna. Bunaíodh Oifig Bhainstíochta Tionscadail (PMO) le dul i gceannas ar an gclár foriomlán athleasaithe a bhaineann leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS. Sannadh Clárbhainisteoir lánaimseartha don PMO agus tugadh roinnt tionscadal chun cinn faoi choimirce na hoifige sin le linn 2013.

7.2 Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide againn a Fheabhsú

7.2.1 Uasghrádú TFC Inmheánach na Roinne

I 2013, thug an tAonad TF ar bhonn céimneach breis agus 900 PC nua do bhaill foirne in oifigí Bhaile Átha Cliath, Bhaile Átha Luain agus na Tulaí Móire, le cois nuashonrú *Windows 7, Office 2013* agus suiteáil *Unified Communications.* Feidhmíodh freisin Fís-Chomhdháil Deisce (VC) ar bhonn píolótach, leis na háiseanna VC sna príomhsheomraí comhdhála a chomhlánú.

Ceannaíodh friothálaithe nua do bhunachair sonraí cúil i 2103. Coimisiúnaíodh iad agus suiteáladh na bogearraí mar ullmhúchán i gcomhair mór-uasghrádú Oracail agus ascnamh ó chóras oibriúcháin AIX go *Windows*, atá le tosú i mí Feabhra 2014.

7.2.2 Forbairt Sonraí Ar Líne Iarbhunscolaíochta (P-POD)

I 2013, forbraíodh Bunachar Sonraí Ar Líne Iarbhunscolaíochta nua (P-POD). Is bunachar sonraí é seo a óstálann an Roinn agus a chuireann ar chumas iarbhunscoileanna eolas rollacháin ar a gcuid daltaí a chlárú le cois sonraí ar an scoil féin. Go mall i 2013, d'éirigh leis an Roinn P-POD a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i ngach iarbhunscoil ar ardán esinet (líonra idirghníomhach seirbhísí oideachais). Ghlac sé áit córais a d'úsáid scoileanna roimhe le sonraí daltaí a chur isteach gach Deireadh Fómhair. Tá na sonraí seo an-tábhachtach maidir le roinnt próiseas sa Roinn agus i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit. Féadann scoileanna sonraí daltaí a nuashonrú ar P-POD ar bhonn leanúnach agus cuireann sé seo tuilleadh sonraí reatha ar fáil don Roinn i gcomhair a próisis ghnó.

7.2.3 Forbairt Sonraí Ar Líne Bunscolaíochta (POD)

I 2013, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt bunachar sonraí foghlaimeoirí bunscoile ar a dtugtar POD (Sonraí Bunscolaíochta Ar Líne). Éascóidh sé seo bailiú sonraí ar gach dalta agus iad ag dul chun cinn tríd an mbunscoil, ag tógail ar PPOD. Tríd an bhfeidhmchlár seo, soláthrófar sonraí luachmhara i leith ceapadh beartais. Is cabhair é freisin chun an t-ualach riaracháin ar scoileanna a laghdú, nuair a bheidh sé i bhfeidhm go hiomlán. Tá scéim phíolótach an fheidhmchláir seo le tosú i mí na Bealtaine 2014 le roinnt bunscoileanna.

7.2.4 Córais Párolla agus Éilimh Ar Líne a Nuashonrú chun Tacú le Bearta Nua

Tá an párolla a fheidhmíonn an Roinn ar na párollaí is mó sa Stát. Íoctar 94,000 fostaí scoile, ar an meán, in aghaidh na coicíse. Cuireadh forálacha Chomhaontú Bhóthar Haddington agus FEMPI (an tAcht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail) i bhfeidhm go tráthúil ar phárollaí fostaithe scoile. Feabhsaíodh go mór párollaí fostaithe scoile agus OLCS (Córas Éilimh Ar Líne) freisin le linn 2013, le feidhmiú Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta a éascú, le héifeacht ó 28 Eanáir 2014.

7.2.5 Feabhsúcháin ar an gCóras Bainistíocht Airgeadais

Cuireadh Buiséadú Feidhmíochta i bhfeidhm ar an CBA (Córas Bainistíocht Airgeadais) le héifeacht ó 1ú Eanáir 2013. Leanadh d'obair ar fheabhsúcháin eile CBA le linn 2013, lena n-áirítear Prapíocaíocht Úis agus ullmhúchán i gcomhair fheidhmiú SEPA (Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro) i 2014.

7.2.6 Forbairtí Eile TFC

Rinneadh píolótú go déanach i 2013 ar *Sharepoint*, le haghaidh forbairt feidhmchláir bheaga. Tá an feidhmchlár seo le haghaidh Aistriúcháin Ghaeilge sceidealaithe le bheith beo go luath i 2014.

Mar a tagraíodh dó ag 6.5.1, feidhmíodh iarratas ar líne le cabhrú le scoileanna ag cur isteach iarratais ar dheontais faoin Scéim Oibreacha Samhraidh i mí na Samhna 2013 ar esinet.

Cuireadh tús freisin i 2013 le hobair ar fhorbairt Straitéis TFC na Roinne 2014-2018.

7.3 Caiteachas na Roinne i 2013

Cuireadh san áireamh i leithroinnt chaiteachais na Roinne i 2013 roinnt bearta sábhála a chinn an Rialtas. Measadh go sábhálfaí, ar fud earnáil an oideachais, €90 milliún i 2013 agus €123 million i mbliain iomlán. D'ainneoin gur ghá glacadh le teorainn dhúshlánach chaiteachais, áfach, bhí maoiniú breise i mbuiséad an oideachais le haghaidh roinnt tionscnamh tábhachtach, lena n-áirítear: feidhmiú leanúnach na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta agus athleasú na Sraithe Sóisearaí; ceangal 200 scoil bhreise le leathanbhanda ardluais; maoiniú 6,500 áit faoi Chiste Oideachais agus Oiliúna an Mhargaidh Shaothair; tuilleadh deiseanna ardoideachais páirtaimseartha faoi chlár *Springboard*; maoiniú €5 mhilliún i gcomhair Cúrsaí Tiontaithe Scileanna TFC; agus maoiniú caipitil ionas gur féidir tosú i 2013 ar oibreacha ar 50 scoil nua agus mórshíneadh.

Ba é €7.918 billiún glanchaiteachas na Roinne i 2013 agus bhí sé laistigh den leithroinnt. Bhí gannchaitheamh glan ar chaiteachas reatha dar suim €14 mhilliún ann agus úsáideadh €5 mhilliún de le farasbarr caiteachais chaipitil a éascú, rud a d'fhág gannchaitheamh glan deireadh bliana dar suim €9 milliún.

7.4 Ár gCórais agus Próisis a Mhonatóiriú

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí freagach as deimhniú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leordhóthaineacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht bhainistíocht riosca, chórais rialaithe inmheánacha agus phróisis rialachais na Roinne. Cinntíonn Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) go gcomhlíonann Éire ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchadh CSE, go gcuireann sí dea-chleachtas chun cinn i mbainistíocht, rialú agus iniúchadh CSE in Éirinn agus go gcinntíonn sí go ndéantar iniúchtaí de réir caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta ionas go soláthraítear tuairiscí ardcháilíochta, cothroma. Réitítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Udarás Iniúchóireachta an CSE leis an gCoiste maidir le dul chun cinn na gclár seo agus comhlánú tuairiscí iniúchóireachta. Comhlánaíodh seacht dtuairisc san iomlán i 2013 agus rianann an dá réimse, ar bhonn ráithiúil, dul chun cinn ar fheidhmiú moltaí a éiríonn as na tuairiscí inúchóireachta.

7.5 Tacaíocht don Phróiseas Páirtíochta agus Dea-Chleachtas Caidreamh Tionsclaíoch

Trína hAonad Caidreamh Foirne Seachtrach (ESRU), lean an Roinn de sholáthar agus feidhmiú creat agus seirbhís caidreamh tionsclaíoch ag leibhéal náisiúnta chun próiseáil saincheisteanna caidreamh tionsclaíoch a bhaineann le mórearnáil an oideachais a bhainistiú. Áirítear le feidhmeanna an ESRU cur chun cinn chomhlíonadh beartas pá an Rialtais ar fud mhórearnáil an oideachais, feidhmiú iomlán Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí náisiúnta maidir le hearnáil an oideachais agus comhairle a thabhairt do rannóga líne laistigh den Roinn agus de na hinstitiúidí oideachais ar fheidhmiú dlí fostaíochta.

7.6 Acmhainní Daonna

Thacaigh an Roinn le tionscnamh Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí le linn 2013 ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear; laghdú líon foirne; athshannadh baill foirne ar bhonn sealadach agus buan araon chuig réimsí ina raibh géarghá le soláthar leanúnach bunseirbhísí a chinntiú; feidhmiú forálacha nua ar nós nuashonruithe ar an gCóras Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (PMDS) agus ar rialúcháin saoire bhreoiteachta; comhoibriú le *PeoplePoint*, an tIonad Comhsheirbhíse Acmhainní Daonna (AD) i leith aistriú fheidhmeanna áirithe AD agus pinsean de chuid na Roinne go dtí an tseirbhís sin; agus forbairt leanúnach an phróiseas Pleanáil Fórsa Saothair.

Comhlíonadh na spriocanna uile i 2013 a bhain le hullmhúchán i gcomhair aistriú fheidhmeanna áirithe AD agus pinsean de chuid na Roinne go dtí *PeoplePoint*, an tIonad Comhsheirbhíse acmhainní daonna.

I gcaitheamh na bliana, d'éascaigh an Roinn ath-imlonnú roinnt dá baill foirne le bheith ag obair in *PeoplePoint* agus d'éascaigh aistriú roinnt dár gcroíbhaill foirne go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le bheith ag obair ar thionscnaimh eile Comhsheirbhíse ar nós Comhsheirbhís Phárolla agus Soláthair.

Feidhmíodh go hiomlán forálacha Chomhaontú Bóthar Haddington agus forbraíodh Beartas Soghluaiseachta Foirne nua faoi mar a foráladh faoi Phlean Gnímh an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil.

Thit líon foirne na Roinne ó 1213 coibhéis lánaimseartha (CL) ag deireadh 2012 go 1196.58 CL ag deireadh 2013. Is ionann é seo agus laghdú eile 1.35%. Tá líon iomlán bhaill foirne na Roinne laghdaithe le tuairim ar 9% ó 1,316 CL ag deireadh 2008 roimh thabhairt isteach an mhoratóra ar earcaíocht agus ardú céime.

7.6.1 Oiliúint agus Forbairt Foirne

I rith 2013, lean an tAonad Oiliúna agus Forbartha Foirne ar aghaidh le riachtanais oiliúna agus forbartha tosaíochta a aithint i dteannta leis an fhoireann agus bainistíocht. Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin cuireadh oiliúint spriocdhírithe ar fáil don fhoireann. Cuireadh thart ar 3,000 laethanta oiliúna ar fáil i rith na bliana.

Cuireadh clár mór oiliúna i gcrích i ngach cuid den Roinn le tacú le feidhmiú céimneach Windows 7 / Office 2013. Cuireadh oiliúint eile ar fáil, ar bhonn inmheánach den chuid is mó, i réimsí amhail Bainistíocht Airgeadais, Riarachán Pinsean, Feabhsú Próiseas Gnó, Saoráil Faisnéise agus Soláthar. Lean an Roinn freisin de thosaíocht a dhéanamh d'oiliúint bhainistíochta chun cur lena hacmhainn dul i ngleic le dúshláin nua, athraitheacha trí sholáthar cláir oiliúna do lucht meán- agus ardbhainistíochta.

Le cois oiliúna agus forbartha do ghráid riaracháin, tugadh saintacaíocht oiliúna don Chigireacht, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), an tAonad Pleanála agus Tógála (PBU) agus an tAonad TF le freastal ar a sainriachtanais oiliúna gairmiúla agus teicniúla.

Ar leithligh don oiliúint agus forbairt a bhfuil cur síos orthu thuas, lean an Roinn de chultúr foghlama a chothú trí thacaíocht a thabhairt do bhaill foirne freastal ar chúrsaí breisoideachais ina gcuid ama féin. Is i réimsí a bhain le hobair na Roinne agus leis an mhórsheirbhís stáit agus phoiblí a bhí na cúrsaí seo agus ina measc bhí, Bainistíocht Straitéiseach, Rialachas, Aistriúchán Gaeilge,

Síceolaíocht Oideachais, Acmhainní Daonna, Bainistíocht Phoiblí, Teicneolaíocht Faisnéise, Párolla agus Oideachas.

7.7 Pleanáil Ghnó

Tá an-tábhacht ag baint le próiseas bliantúil phleanáil ghnó na Roinne le go n-éireoidh linn ár gcuspóirí a bhaint amach in am. Gach bliain iarratar ar rannóga a dtascanna criticiúla don bhliain atá rompu a shainaithint trí thagairtí do dhoiciméid ar nós ár Ráiteas Straitéise agus beartú dá bhfeidhmiú tríd an bpróiseas pleanála gnó. Chomh maith le tascanna criticiúla a shainaithint, tugtar deis do bhaill foirne, tríd an bpróiseas pleanála gnó, feabhsúchán próiseas gnó a bhreithniú agus is croíghnéithe den Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí iad seo uile. Bhi gach rannóg den Roinn páirteach i bpróiseas pleanála gnó 2013.

7.8 Feabhsúchán Próiseas Gnó

Cuireadh tús i 2013 le feidhmiú cur chuige struchtúrtha maidir le cuíchóiriú agus feabhsúchán próisis ghnó trí úsáid mhodheolaíocht Feabhsúchán Próisis Ghnó *Lean Six Sigma.* Rinneadh scéimeanna píolótacha sa Rannóg Párolla agus san Aonad Pinsean. Cuireadh oiliúint ar na foirne tionscadail, ina raibh baill foirne ón aonad gnó ábhartha, ar na huirlisí agus teicnící feabhsúchán próiseas, ar scileanna bainistithe athruithe san ionad oibre agus, lena chois sin, rinneadh iad a chóitseáil trí na tionscadail.

I ndiaidh athbhreithnithe ar an gcéim phíolótach, ag Coiste Stiúrtha BPI, cuireadh tús leis an dara sciar de thionscadail i nDeireadh Fómhair 2013.

7.9 Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh na Roinne i 2013

Is iad ár n-oifigí i mBaile Átha Luain agus i mBaile Átha Cliath na príomhúsáideoirí fuinnimh. D'úsáid siad 36% agus 35% faoi seach dár bhfuinneamh agus ina ndiaidh siúd bhí an líonra d'oifigí áitiúla ag 15% agus Oifig na Tulaí Móire ag 14%. Is le haghaidh soilsithe, trealamh oifige agus lónadóireachta a úsáidtear beagnach dhá dtrian den fhuinneamh inár gcuid oifigí agus is ar théamh a úsáidtear an chuid eile d'fhuinneamh oifige.

I 2013, chaith an Roinn €646,944 ar fhuinneamh, is é sin €477,803 ar leictreachas, €135,206 ar Ghás agus €33,935 ar ghás peitriliam leachtaithe (GPL) agus ar ola.

7.9.1 Bearta a Rinneadh i 2013 lenár nÉifeachtúlacht Fuinnimh a Mhéadú

Tugadh faoi roinnt beart i gcaitheamh na bliana lenár n-ídiú fuinnimh a laghdú lena n-áirítear: suiteáil coirí nua comhdhlúthadáin atá tíosach ar fhuinneamh agus tumthéitheoirí uisce inár n-oifigí i Sráid Maoilbhríde; suiteáil fuinneoga gloiniú triarach sa seanfhoirgneamh dhá stór i mBaile Átha Luain; agus rinneadh céim 1 d'insliú áiléir in oifig na Tulaí Móire.

Ídíonn na ríomhairí nua a tugadh do thart ar 950 ball foirne i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus ar an Tulach Mhór 25% níos lú fuinnimh ná na seanríomhairí ar ghlac siad a n-áit. Meastar gur sábháil tuairim ar €40,000 sa bhliain nó €200,000 thar shaolré 5 bliana ionchais na ríomhairí nua a thiocfaidh de bharr an athraithe seo.

7.9.2 Iniúchtaí Córas Bainistíocht Tógála

Lean an Roinn d'Iniúchtaí Córas Bainistíocht Tógála (BMS) ar bhonn rialta i rith na bliana. Is é aidhm na n-iniúchtaí seo sábháiltí fuinnimh a bhaint amach trí bhealaí chun ídiú a laghdú a shainaithint amhail optamú sceidil ama, pointí socraithe teochta agus straitéisí rialaithe. Dá thoradh seo, coigeartaíodh anuas go leor sceidil ama, socruithe teirmeastait agus córais aerchóiriúcháin.

7.9.3 Feasacht Fuinnimh a Mhéadú

Cuireadh tús le feachtas le Baill Foirne a spreagadh chun trealamh oifige agus soilse a 'MHÚCHADH" nuair nach mbíonn siad in úsáid i gcuid mhór dár gcuid oifigí. Tairgeadh léachtaí foirne, cuir i láthair agus ceardlanna i gcuid mhór ionaid de chuid na Roinne chun feasacht a ardú ar éifeachtúlacht fuinnimh. Eagraíodh cruinnithe foirne fuinnimh agus réitíodh tuairiscí míosúla fuinnimh le dul chun cinn a léiriú agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint.

7.9.4 Bearta Eile Sábhála Fuinnimh atá ar na Bacáin i 2014

Tá roinnt bearta eile sábhála fuinnimh ar na bacáin i 2014 lena n-áirítear, céim 2 de shuiteáil insliú áiléir in oifig na Tulaí Móire agus uasghrádú ar an gcóras soilsithe sa charrchlós faoi thalamh i Sráid Maoilbhríde trí shuiteáil braiteoirí solais agus bolgáin LED. Tá suiteáil saisfhuinneoga ó thuaidh i dTeach 28, Baile Átha Cliath molta agus scrúdófar suiteail braiteoirí solais in oifig na Tulaí Móire. Tá athbhreithniú leibhéil inslithe ar gach láithreán le déanamh.

Leanfaidh an Roinn de chur chun cinn fheachtas fheasacht fuinnimh 'Optimising Power @ Work', feachtas náisiúnta fheasacht fuinnimh OOP arb aidhm fhoriomlán dó luas a chur faoi laghdú úsáid fuinnimh, billí fuinnimh a ghearradh agus cur leis an sprioc laghdaithe fuinnimh 33% d'Earnáil Phoiblí na hÉireann faoi 2020.

Iarscríbhinn A – Cairt Eagraíochta



Iarscríbhinn B - Forais faoi Choimirce na Roinne

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
Comisiún Fiosraithe Mí-Úsáid Páistí	(CICA)
Bord Airgeadais Oideachais[1]	(EFB)
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	(GGDA)
An tÚdarás um Ardoideachas	(HEA)
Léargas - An Biúró Malartaithe	
Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta	(CNCM)
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann[2]	(QQI)
Bord Sásamh i leith Institiúidí Cónaithe	(RIRB)
Coiste Athbhreithnithe Institiúidí Cónaithe	(RIRC)
Ciste Reachtúil Institiúidí Cónaithe	(RISF)
Skillnets Teo	
SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna)	
Comisiún na Scrúduithe Stáit	(CSS)
An Chomhairle Mhúinteoireachta	

[1] Díscaoileadh an Bord Airgeadais Oideachais i Márta 2013 agus ghlac an RISF a fheidhmeanna

[2] Bunaíodh QQI go déanach i 2012 mar ghníomhaireacht nua chomhtháthaithe chun teacht in ionad Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus lena n-áirítear feidhmeanna Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann.

Iarscríbhinn C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie

Eolas Staitistiúil	http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/
Tuairiscí Cigireachta	http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/
Reachtaíocht Oideachais	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Legislation/Education-Legislation.html
Gach Foilseachán	http://www.education.ie/en/Publications/
Ciorcláin agus Foirmeacha	http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/
Oideachas Speisialta	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/
Dearadh Scoile	http://www.education.ie/en/School-Design/
Preas agus Imeachtaí	http://www.education.ie/en/Press-Events/
Seirbhísí agus Eolas do Thuismitheoirí	http://www.education.ie/en/Parents/
Seirbhísí agus Eolas do Bhaill Foirne Oideachais	http://www.education.ie/en/Education-Staff/
Seirbhísí agus Eolas d'Fhoghlaimeoirí	http://www.education.ie/en/Learners/